RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/809 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Aibreán 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. An t-imscrúdú roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2017/141 ón gCoimisiún ([2]), d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ó 30,7 % go 64,9 % ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ó 5,1 % go 12,1 % ar allmhairí de thionscnamh na Téaváine.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(2) Tar éis Fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca leis na bearta atá i bhfeidhm ([3]), fuair an Coimisiún iarraidh ar athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(3) Coiste Cosanta thionscal na bhfeisteas cruach dosmálta buntáthaithe san Aontas Eorpach ("an t-iarratasóir"), faoina ndéantar níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais d'fheistis feadáin agus píobáin áirithe, chuir sé an iarraidh ar athbhreithniú isteach an 26 Deireadh Fómhair 2021. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar na forais gur dhócha go leanfaí le dumpáil nó go gcuirfí tús léi arís agus go leanfaí le díobháil nó go gcuirfí tús léi arís don tionscal de chuid an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

1.3. Athbhreithniú éaga a thionscnamh

(4) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, go raibh fianaise leordhóthanach ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga an 26 Eanáir 2022 maidir le hallmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bíodh, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh ([4]) ("an Fógra Tionscnaimh").

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ón gCoimisiún an 26 Eanáir 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 22, 27.1.2017, lch. 14).

([3]) Fógra maidir le dul in éag atá le tarlú i dtaca le bearta frithdhumpála áirithe (IO C 168, 5.5.2021, lch. 5).

([4]) Fógra tionscnaimh ar athbhreithniú maidir le dul in éag na mbeart frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe den chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO C 40, 26.1.2022, lch. 1).

1.4. **Imscrúdú comhuaineach ar fhrith-imchéimniú**

(5) An 8 Meitheamh 2022, thionscain Coimisiún imscrúdú, de bhun Airteagal 13(3) den bhun-Rialachán, i dtaca le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm maidir le hallmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus chuir sé allmhairí den sórt sin faoi réir a gcláraithe ([5]).

(6) Na bearta atá ann cheana maidir le hallmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, thángthas ar an gconclúid san imscrúdú go raibh na bearta sin á n-imchéimniú. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/453 ón gCoimisiún ([6]), leathnaíodh ar na bearta chun allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, a chumhdach.

1.5. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(7) An t-imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ("tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe"). Leis an imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ("an tréimhse faoi bhreathnú").

1.6. **Páirtithe leasmhara**

(8) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas go sonrach faoin imscrúdú mar aon le táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, na táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta, údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne agus údaráis na Téaváine, allmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an athbhreithnithe éaga, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála. Níor iarr aon cheann de na páirtithe leasmhara éisteacht.

1.7. **Maímh maidir le tionscnamh**

(10) Zhejiang Jndia Pipeline Industry Co. Ltd., ("Zhejiang Jndia"), ar táirgeoir onnmhairiúcháin é d'fheistis buntáthaithe de chruach dhosmálta ("SSTPF"), agus Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhaireoirí agus Onnmhaireoirí Miotal, Mianraí agus Ceimiceán ("CCCMC"), thug siad barúlacha maidir leis an iarraidh ar athbhreithniú agus maidir le tionscnamh an imscrúdaithe.

(11) A mhéid a bhaineann leis na maímh ghinearálta nach raibh fianaise leordhóthanach san iarraidh, thug an Coimisiún dá aire nach bhfuil dlí-eolaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála ("EDT") dár thagair Zhejiang Jndia agus CCCMC ábhartha, mar nach dtugtar aghaidh léi ar an gcaighdeán fianaise is gá chun imeachtaí a thionscnamh ([7]). Sholáthair an t-iarratasóir "fianaise leordhóthanach" chun údar a thabhairt le tionscnamh imscrúdaithe, de réir bhrí Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán, arb é an caighdeán dlíthiúil iomchuí é. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/894 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2022 lena dtionscnaítear imscrúdú a bhaineann le himchéimniú féideartha na mbeart frithdhumpála arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne, i gcás allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L 155, 8.6.2022, lch. 36).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/453 ón gCoimisiún an 2 Márta 2023 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ón gCoimisiún ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, chun allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, a chumhdach (IO L 67, 3.3.2023, lch. 19).

([7]) *United States - Sunset Review of Anti-Dumping Duties on Corrosion-Resistant Carbon Steel Flat Products from Japan* - Tuarascáil ón bPainéal (WT/DS244/R), mír 7.271. United States - Sunset Review of Anti-Dumping Duties on Corrosion-Resistant Carbon Steel Flat Products from Japan - Tuarascáil ón mBuanchomhlacht Achomhairc, (WT/DS244/AB/R), mír 114 agus 168, 177 agus 178. An tAontas Eorpach, Bearta frithdhumpála áirithe ar choisbhearta áirithe ón tSín - Tuarascáil ón bPainéal (WT/DS405/R), mír 7.333 and 7.495.

(12) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC nach raibh údar le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán chun críoch na hiarrata agus nárbh ann d'aon saobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne. Tugtar aghaidh ar na maímh sin in aithrisí (84) go (87) thíos.

(13) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC gur mhol an t-iarratasóir an Téalainn mar thír ionadaíoch gan aon fhianaise a sholáthar go gcomhlíonann sí critéir Airteagal 2(6a)(a).

(14) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. San iarraidh ar athbhreithniú éaga, rinne an t-iarratasóir scrúdú ar cheithre thír mar thíortha ionadaíocha féideartha ar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá iontu agus atá sa tSín, is iad sin an Téalainn, an Indinéis, an Mhalaeisia agus an Tuirc ([8]). Sainaithníodh go bhfuil tionscal i ngach ceann de na ceithre thír a onnmhairíonn 500 tonna ar a laghad de SSTPFanna in aghaidh na bliana ([9]). Roghnaigh an t-iarratasóir an Téalainn as measc na gceithre thír ar bhonn infhaighteacht na sonraí poiblí ábhartha ([10]). Rogha na Téalainne mar thír ionadaíoch, thacaigh fianaise leordhóthanach leis sin, amhail staidreamh onnmhairiúcháin agus allmhairiúcháin, foinsí a úsáideadh chun costais neamhshaofa a shuí, agus fianaise ar tháirgeoirí aitheanta a bhfuil faisnéis airgeadais ar fáil go poiblí maidir leo.

(15) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC freisin nach rogha iomchuí í an Téalainn. Go nithiúil, mhaígh siad go bhfuil praghas an gháis sa Téalainn saofa toisc nach bhfuil ach dhá imreoir i gceannas ar thionscal an gháis, agus, an chuideachta Théalannach a roghnaigh an t-iarratasóir chun costais díola, ghinearálta agus riaracháin ("SG &A") agus brabús a shuí, táirgeann sí táirgí eile agus mar sin ní mór soiléiriú breise a thabhairt ar a ionadaíochas.

(16) Maidir le gás nádúrtha, is ó 2011 an fhianaise a sholáthair Zhejiang Jndia agus CCCMC, 10 mbliana roimh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([11]). Thairis sin, níor sholáthair na páirtithe leasmhara aon fhianaise ar shaobhadh sa Téalainn; ní dhearna siad ach a lua go bhfuil an margadh saofa ó tharla go bhfuil dhá ghníomhaí i gceannas air. Thairis sin arís, bhunaigh an t-iarratasóir an tagarmharc le haghaidh gáis ar phraghas allmhairí isteach sa Téalainn. Níor mhínigh na páirtithe leasmhara cén fáth a mbeadh praghsanna allmhairiúcháin saofa mar thoradh ar an gceannas margaidh líomhnaithe ([12]). Níor sholáthair Zhejiang Jndia agus CCCMC aon fhianaise maidir le réimse táirgí na cuideachta a roghnaigh an t-iarratasóir ná níor mhínigh siad cén fáth nach mbeadh sí iomchuí. In aon chás, soláthraíodh fianaise leordhóthanach san iarraidh go bhfuil an chuideachta a d'úsáid an t-iarratasóir chun costais díola, riaracháin agus ghinearálta agus brabús a shuí ina tháirgeoir SSTPF a bhfuil faisnéis ar fáil go poiblí ina leith ([13]), rud ba leordhóthanach chun údar a thabhairt le tionscnamh an imscrúdaithe.

(17) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC freisin nár ríomh an t-iarratasóir an gnáthluach i gceart ós amhlaidh, mar a shonraítear san iarraidh, nach bhfuil aon fhaisnéis ag an Téalainn maidir le pacáistiú, costais dhíreacha eile, trealamh táirgthe agus forchostais mhonarchan, agus dá bhrí sin gur chruthaigh an t-iarratasóir na costais sin ar bhonn chostas táirgthe thionscal an Aontais.

(18) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Ní raibh faisnéis maidir le pacáistiú, costais dhíreacha eile, trealamh táirgthe agus forchostais mhonarchan sa Téalainn ar fáil go héasca ag an iarratasóir. Suíodh leis an imscrúdú bunaidh go bhfuil na bun-saintréithe céanna ag SSTPF arna tháirgtear san Aontas agus SSTPF arna onnmhairiú ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Níor sholáthair Zhejiang Jndia ná CCCMC aon fhianaise lena dtabharfaí údar le conclúid dhifriúil. Dá bhrí sin, chun an gnáthluach a shuí, agus chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an difríocht forbartha eacnamaíche idir an Téalainn agus an tAontas a chur san áireamh, bhain an t-iarratasóir úsáid as an gcion de na míreanna sin i gcostas táirgthe thionscal an Aontais, in ionad dearbhluachanna, agus chuir sé i bhfeidhm ina dhiaidh sin iad maidir leis na luachanna neamhshaofa a suíodh ag úsáid na Téalainne mar thír ionadaíoch.

(19) D'áitigh Zhejiang Jndia agus CCCMC freisin nár sholáthair an t-iarratasóir fianaise dhearfach san iarraidh gur dócha go leanfaí den díobháil nó go dtarlódh sé dá ligfí do na bearta dul i léig. Maidir le leanúint den díobháil, d'áitigh na páirtithe sin go raibh tomhaltas ar mhargadh an Aontais, táirgeacht agus acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais agus treochtaí díolacháin thionscal an Aontais, mar a tuairiscíodh san iarraidh, uile dearfach agus, ar an iomlán, nach raibh díobháil á déanamh don tionscal a thuilleadh, agus dhírigh siad freisin ar na deacrachtaí eisceachtúla margaidh a bhí ann de dheasca phaindéim COVID-19. Dhírigh siad thairis sin ar fhigiúirí brabúsachta

([8]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga roinn B.1.1.2 lch. 8.
([9]) Ibid.
([10]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga roinn B.1.1.13 lch. 15.
([11]) https://www.apec.org/publications/2011/01/the-impacts-and-benefits-of-structural-reforms-in-transport-energy-and-telecommunications-sectors
([12]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, mír 80 agus Iarscríbhinn C – DM – 02 CN.
([13]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, mír 93 agus Iarscríbhinní OPEN 20.1 go 20.4

foilsithe mórtháirgeora de chuid an Aontais sna 3 bliana roimh phaindéim COVID-19, a bhí thart ar an méid céanna spriocbhrabúis a socraíodh san imscrúdú as ar lean na bearta. Ar an mbonn sin, d'áitigh siad nach raibh díobháil á déanamh do thionscal an Aontais. Maidir leis an dóchúlacht go mbeadh atarlú díobhála ann, d'áitigh Zhejiang Jndia agus CCCMC gur léirigh an iarraidh nár dhócha go dtarlódh an díobháil arís toisc go raibh sciar ard den mhargadh go comhsheasmhach ag tionscal an Aontais agus go raibh an sciar den mhargadh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne róbheag chun go mbeadh aon tionchar aige ar staid thionscal an Aontais.

(20) Mar réamhbharúil, meabhraítear gur gá scrúdú a dhéanamh, *inter alia*, ar na tosca ábhartha de réir na tuairisce in Airteagal 5(2)(d) den bhun-Rialachán chun teacht ar chonclúid go raibh fianaise leordhóthanach ann maidir le díobháil ábhartha. Go deimhin, sonraítear i bhfoclaíocht Airteagal 5(2) den bhun-Rialachán go gcuimseoidh gearán fianaise faoi na hathruithe ar mhéid na n-allmhairí a bhfuil sé líomhainte gur dumpáladh iad, éifeacht na n-allmhairí sin ar phraghsanna an táirge chomhchosúil ar mhargadh an Aontais agus tionchar iarmhartach na n-allmhairí ar thionscal an Aontais, mar a léiríonn tosca agus innéacsanna ábhartha (ach gan iad uile go léir) a bhaineann le staid thionscal an Aontais, amhail iad siúd a liostaítear in Airteagal 3(3) agus 3(5). Is infheidhme sin *mutatis mutandis* maidir leis an anailís in athbhreithnithe éaga ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, i gcás ina ndírítear ar a dtarlódh dá rachadh na bearta i léig.

(21) A mhéid a bhaineann le líomhaintí Zhejiang Jndia agus CCCMC maidir leis an bhforbairt dhearfach ar tháirgeacht agus acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais agus ar mhéid a dhíolachán agus a bhrabúsacht, thug an Coimisiún dá aire gur minic a bhíonn tionchar dearfach ag bearta frithdhumpála ar staid thionscal an Aontais – ar toisc í a cuireadh san áireamh, ar ndóigh, in anailís ranna an Choimisiúin roimh an tionscnamh.

(22) De réir na fianaise a soláthraíodh san iarraidh agus a ndearna an Coimisiún anailís uirthi, méideanna an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téaváin a thiocfadh ar an bhfód ar mhargadh an Aontais in éagmais beart, ba dhócha go dtiocfadh méadú orthu mar gheall ar acmhainneacht neamhúsáidte sna tíortha sin. Bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh gur dócha go leanfaí den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlódh sé arís de dheasca an tionchair a bheadh ag méideanna den sórt sin, ar dócha go leanfadh a bpraghsanna de bheith ag sladghearradh phraghsanna thionscal an Aontais.

(23) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC thairis sin nárbh fhéidir tuiscint cheart a fháil ar fheidhmíocht thionscal an Aontais ón leagan oscailte den iarraidh toisc go ndearnadh roinnt táscairí micreacnamaíocha a bhaineann leis na trí tháirgeoir de chuid an Aontais a thuairisciú i bhformáid innéacsaithe amháin ar chúiseanna rúndachta.

(24) Maidir leis an maíomh sin, meastar go raibh an fhianaise ba ghá agus na hachoimrí neamhrúnda ar shonraí ba ghá, arna soláthar faoi chumhdach rúndachta, uile sa leagan a bhí ar oscailt lena iniúchadh ag na páirtithe leasmhara na hiarrata chun gurbh fhéidir leo a gceart cosanta a fheidhmiú ar feadh na n-imeachtaí.

(25) Tugtar chun cuimhne go ceadaíonn Airteagal 19 den bhun-Rialachán agus Airteagal 6(5) den Chomhaontú maidir le Cur Chun Feidhme Airteagal VI den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil ([14]) faisnéis rúnda a chosaint i gcúinsí ina mbeadh buntáiste suntasach iomaíochta ann d'iomaitheoir dá nochtfaí an fhaisnéis sin nó ina ndéanfadh an nochtadh dochar suntasach do dhuine a sholáthraíonn an fhaisnéis nó do dhuine óna bhfuair an duine sin an fhaisnéis. Is sna catagóirí sin atá an fhaisnéis a soláthraíodh faoi rún. Tá achoimre chuí déanta ag an iarratasóir ar inneachar na n-iarscríbhinní sin gan sonraí íogaire a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta a nochtadh. Tá údar maith lena bheith ag innéacsú figiúirí i gcásanna ina bhfuil an líon táirgeoirí san Aontas an-bheag.

(26) Ar bhonn a bhfuil thuas, dheimhnigh an Coimisiún go raibh fianaise leordhóthanach curtha ar fáil ag an iarratasóir lena léiriú gur dócha go leanfar den dumpáil agus an díobháil nó go dtarlóidh siad arís má théann na bearta in éag, agus go gcomhlíontar ar an gcaoi sin na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, chomhlíon an iarraidh na ceanglais maidir le tionscnamh.

([14]) 'Aon fhaisnéis ar dual di bheith rúnda (mar shampla, go dtabharfadh nochtadh na faisnéise sin buntáiste mór iomaíochta d'iomaitheoir nó toisc go ndéanfadh a nochtadh dochar mór do dhuine a sholáthraíonn an fhaisnéis nó do dhuine a bhfuair an duine a sholáthraíonn an fhaisnéis an fhaisnéis sin uaidh), nó a sholáthraíonn páirtithe in imscrúdú ar bhonn rúnda, is mar sin a phléifidh na húdaráis léi má léirítear go bhfuil cúis mhaith leis sin. Ní nochtfar faisnéis den sórt sin gan cead sonrach ón bpáirtí a gcuireann isteach é."

1.8. **Sampláil**

(27) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé sampláil ar na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

1.8.1. *Sampláil táirgeoirí ón Aontas*

(28) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de thrí tháirgeoir de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige agus iad lonnaithe i dtrí Bhallstát éagsúla. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid táirgeachta agus díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 arna thuairisciú ag táirgeoirí an Aontais i gcomhthéacs na hanailíse measúnaithe réamhthionscnaimh ar an seasamh. Sa sampla bhí [56 % - 62 %] de tháirgeacht measta an táirge chomhchosúil san Aontas. Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas faoina shampla sealadach trí bhíthin Nóta a ghabh leis an gcomhad an 26 Eanáir 2022. Sa Nóta sin, iarradh ar na páirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar an sampla sealadach.

(29) Níor thug aon pháirtí aon bharúil. Le linn comhairliúcháin leis an iarratasóir tar éis an Nóta thuasluaite a chur leis an gcomhad, tháinig se chun suntais nach raibh ceann amháin de na táirgeoirí a sampláladh ar dtús oiriúnach lena áireamh i sampla tháirgeoirí an Aontais toisc nach bhféadfaí a mheas mar tháirgeoir ionadaíoch ar chúiseanna chuideachta-íogaire le linn na tréimhse tagartha ar fad. Mheas an Coimisiún, dá bhrí sin, gur ghá athrú a dhéanamh ar an sampla.

(30) Tugadh fógra faoin sampla athbhreithnithe do na páirtithe leasmhara trí bhíthin Nóta a ghabh leis an gcomhad an 18 Feabhra 2022 agus iarradh orthu a mbarúlacha a thabhairt. Trí tháirgeoir a bhí sa sampla, Erne Fittings GmbH (an Ostair), OSTP Finland Oy (an Fhionlainn) agus OSTP Sweden AB (an tSualainn), ina raibh thart ar [44 % - 50 %] de mhéideanna táirgeachta iomlána measta an táirge chomhchosúil san Aontas.

(31) Níor thug aon pháirtí aon bharúil agus deimhníodh an sampla trí bhíthin Nóta a ghabh leis an gcomhad an 28 Feabhra 2022.

1.8.2. *Sampláil allmhaireoirí*

(32) Chun a chinneadh cé acu a bhí nó nach raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Níor sholáthair aon allmhaireoir neamhghaolmhar an fhaisnéis a iarradh. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh.

1.8.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Téaváin*

(33) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir/táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Téaváin an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne agus ar Údaráis ábhartha na Téaváine táirgeoirí/táirgeoirí onnmhairiúcháin eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, a d'fhéadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(34) Níor sholáthair aon táirgeoir/táirgeoir onnmhairiúcháin i nDaon-Phoblacht na Síne an fhaisnéis a iarradh agus/nó níor chomhaontaigh siad a bheith san áireamh sa sampla. Dá bhrí sin, toisc nárbh ann d'aon chomhoibriú ó tháirgeoirí na Síne, déantar na torthaí maidir leis na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán.

(35) Ós rud é nach raibh ann ach aon táirgeoir onnmhairiúcháin de chuid na Téaváine a sholáthair an fhaisnéis a iarradh agus a chomhaontaigh a bheith san áireamh sa sampla, chinn an Coimisiún nár ghá sampláil a dhéanamh maidir leis an Téaváin.

1.9. **Freagraí ar an gceistneoir**

(36) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ("Rialtas na Síne") maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(37) Sheol an Coimisiún ceistneoir chuig táirgeoirí ón Aontas a sampláladh agus chuig an aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin ón Téaváin. Cuireadh na ceistneoirí céanna chomh maith le ceistneoirí le haghaidh allmhaireoirí neamhghaolmhara ar fáil lá an tionscnaimh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála ([15]). I gcaitheamh an imscrúdaithe, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig an iarratasóir agus sonraí maicreacnamaíocha thionscal an Aontais á n-iarraidh.

(38) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin ón Téaváin, ó na trí tháirgeoir ón Aontas a sampláladh agus ón iarratasóir.

1.10. **Fíorú**

(39) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus den díobháil agus nó go dtarlóidís arís agus maidir le leas an Aontais.

(40) Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoir onnmhairiúcháin na Téaváine:

— Ta Chen Stainless Pipes Co., Ltd ("Ta Chen"), Tainan, an Téaváin

(41) Rinne an Coimisiún Cros-Seiceáil Chianda (RCC) freisin ar na freagraí a thug na cuideachtaí seo a leanas ar an gceistneoir:

Táirgeoirí an Aontais:

— Erne Fittings GmbH, Schlins, an Ostair

— OSTP Sweden AB, Örnsköldsvik, an tSualainn

— OSTP Finland Oy, Jakobstad, an Fhionlainn.

— Coiste Cosanta thionscal na bhfeisteas cruach dosmálta buntáthaithe san Aontas Eorpach ("an t-iarratasóir"), an Bhruiséil, an Bheilg

Allmhaireoir sa tríú tír a bhaineann leis an táirgeoir sa Téaváin:

— Ta Chen International ("TCI"), Long Beach CA, SAM

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(42) Is é an táirge faoi athbhreithniú feistis feadáin agus píobáin buntáthaithe, de ghráid cruach dosmálta ástainíti, a fhreagraíonn do chineálacha AISI 304, 304L, 316, 316L, 316Ti, 321 agus 321H agus a gcoibhéis sna noirm eile, nach mó a thrastomhas seachtrach ná 406,4 mm agus tiús balla 16 mm nó níos lú acu, nach lú ná 0,8 micriméadar (Ra) meán gairbhe (Ra) an dromchla, gan feire air, bíodh sé críochnaithe nó ná bíodh, de thionscnamh Daon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine ("SSTPF" nó "an táirge faoi athbhreithniú"), a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7307 23 10 agus ex 7307 23 90 (cóid TARIC 7307 23 10 50, 7307 23 10 55, 7307 23 90 50 agus 7307 23 90 55).

(43) Monaraítear an táirge faoi athbhreithniú go bunúsach trí fheadáin agus píobáin a ghearradh agus a fhoirmiú. Úsáidtear é chun píobáin agus feadáin de chruach dhosmálta a cheangal agus tá cruthanna éagsúla díobh ann, amhail uillinneacha, laghdaitheoirí, tíonna agus caidhpeanna. Úsáidtear feistis feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe, mar a shainmhínítear thuas, i réimse leathan tionscal tomhaltóirí agus cineálacha cur i bhfeidhm deiridh, amhail an tionscal peitriceimiceach, an tionscal próiseála deochanna agus bia agus tionscal na cógaisíochta, longthógáil, giniúint leictreachais, gléasraí cumhachta, foirgníocht agus suiteálacha tionsclaíocha.

(44) I gcomhthéacs éisteachta a tionóladh an 3 Márta 2022, thug an comhlachas Euranimi, a dhéanann ionadaíocht thar ceann grúpa allmhaireoirí, barúil uaidh go bhfuil margadh SSTPF deighilte go nádúrtha ina dhá dheighleog shonracha nach bhforluíonn a chéile ach beagán: ábhair ón Eoraip agus ón Áise. Chuir sé leis sin á rá go n-éileodh úsáideoirí deiridh ábhair ón Eoraip de ghnáth i gcás dálaí áirithe úsáide. Ar an taobh eile, úsáideadh ábhair ón Áise le haghaidh timpeallachtaí ina raibh, *inter alia*, creimeadh teoranta agus teochtaí laghdaithe

([15]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2574

(45) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon iarraidh shonrach ar eisiamh táirgí nasctha leis an mbarúil sin. D'ainneoin an mhéid sin, shoiléirigh an Coimisiún nárbh fhéidir aghaidh a thabhairt ar iarrataí den sórt sin ar eisiamh táirgí faoi chuimsiú imscrúdaithe athbhreithnithe éaga faoi Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(46) D'athdhearbhaigh Euranimi an 23 Lúnasa 2022 na barúlacha a thug sé uaidh roimhe sin, ag cur sonraíochtaí teicniúla leo, amhail gur gá cóireáil teasa a dhéanamh ar ábhair áirithe ón Áise ach nach gá sin i gcás ábhair ón Eoraip. Níor oir na barúlacha sin chun na conclúidí ar thángthas orthu in aithris (45) a athrú.

2.2. **Táirge comhchosúil**

(47) Faoi mar a léiríodh san imscrúdú as ar tháinig forchur na mbeart atá i bhfeidhm ([16]), tá na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge faoi athbhreithniú;

— an táirge a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre na dtíortha lena mbaineann (Daon-Phoblacht na Síne agus an Téaváin); agus

— an táirge arb é an tionscal de chuid an Aontais a tháirg agus a dhíol é.

Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Daon-Phoblacht na Síne**

3.1.1. *Réamhbharúlacha*

(48) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh d'allmhairí SSTPF ó Dhaon-Phoblacht na Síne, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéal ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. De réir COMEXT (Eurostat), thart ar 5,6 % de mhargadh an Aontais a bhí in allmhairí SSTPF ó Dhaon-Phoblacht na Síne i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le 22,9 % sa tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh. I ndearbhthéarmaí, bhí 719 dtonna d'allmhairí ann den táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 3 238 dtonna san imscrúdú bunaidh.

(49) Mar a luadh in aithris (34), níor chomhoibrigh aon cheann de na táirgeoirí/táirgeoirí onnmhairiúcháin aitheanta ó Dhaon-Phoblacht na Síne san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí maidir le Daon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(50) Dá thoradh sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí i ndáil leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil nó go dtarlódh sí arís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe ar fhaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú, ar shonraí atá ar fáil go poiblí ó tháirgeoirí SSTPF de chuid na Téalainne, Oifig Náisiúnta Staidrimh na Téalainne, sonraí ó Údarás Oibreacha Uisce Cúige na Téalainne, Aireacht Fuinnimh na Téalainne, bunachar sonraí Eurostat COMEXT, bunachar sonraí staidrimh na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) agus an tAtlas Trádála Domhanda (GTA) ([17]).

3.1.2. *Leanúint de dhumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe*

3.1.2.1. An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le haghaidh allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta (SSTPFanna) ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

(51) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([16]) Féach fonóta 2.

([17]) https://connect.ihsmarkit.com/gta/home

(52) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus sin a dhéanamh laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

(53) I bpointe 5.3.2 den fhógra tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh sé freisin go bhféadfadh an Téalainn a bheith ina tír ionadaíoch eile do Dhaon-Phoblacht na Síne sa chás seo, ach go scrúdódh sé an bhfuil tíortha eile ann a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa chéad fhleasc d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(54) An 24 Meitheamh 2022, d'eisigh an Coimisiún nóta le haghaidh an chomhaid maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a chinneadh ("Nóta maidir le foinsí").

(55) Sa Nóta maidir le foinsí, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil, in éagmais comhoibrithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún úsáid a bhaint as an bhfaisnéis atá san iarraidh ar athbhreithniú éaga, in éineacht le foinsí eile faisnéise a mheastar a bheith iomchuí de réir na gcritéar ábhartha a leagtar síos in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le hAirteagal 18(5) den bhun-Rialachán mar a shonraítear sa nóta seo.

(56) Leis an Nóta maidir le foinsí, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas maidir leis an úsáid a bhí beartaithe aige a bhaint as an Téalainn mar thír ionadaíoch agus as na foinsí ábhartha chun an gnáthluach a chinneadh agus an Téalainn ina tír ionadaíoch.

(57) Sa Nóta maidir le foinsí, chuir an Coimisiún in iúl do na páirtithe leasmhara, i bhfianaise easpa comhoibrithe, go mbunódh sé costais dhíreacha eile agus forchostais mhonaraíochta ar an bhfaisnéis faoi thionscal an Aontais a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus go sloinnfeadh sé mar chéatadáin iad.

(58) Chuir sé in iúl do na páirtithe leasmhara freisin go suífeadh sé costais díola, riaracháin agus ghinearálta agus brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí le haghaidh dhá tháirgeoir de chuid an Téalainne, Thai Benkan Co. Ltd., agus Thairungrueng Fitting & Value Co. Ltd.

(59) Leis an Nóta maidir le foinsí, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara freisin a mbarúlacha a thabhairt ar na foinsí agus ar iomchuibheas na Téalainne mar thír ionadaíoch agus tíortha eile a mholadh freisin, ar choinníoll go gcuirfidís faisnéis leordhóthanach isteach maidir leis na critéir ábhartha. Fuair an Coimisiún barúlacha ón iarratasóir, Zhejiang Jndia agus CCCMC. D'aontaigh an t-iarratasóir leis an Nóta maidir le foinsí. Déantar anailís sna ranna ábhartha thíos ar bharúlacha Zhejiang Jndia agus CCCMC.

3.1.2.2. Gnáthluach

(60) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, "beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir".

(61) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "más rud é go gcinntear [...] nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír is onnmhaireoir toisc gur ann do shaobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa", agus "[á]ireofar lsa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnach le haghaidh costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus le haghaidh na mbrabús" ("costais SGA" a thugtar anseo feasta ar "costais díola, ghinearálta agus riaracháin").

(62) Mar a mhínítear tuilleadh thíos, bhain an Coimisiún de thátal as an imscrúdú reatha, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibrithe ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí/táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.1.2.2.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(63) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí a bhain leis an earnáil cruach i nDaon-Phoblacht na Síne ([18]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(64) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([19]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun an táirge faoi athbhreithniú a thairgeadh, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([20]), ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([21]). Chinn an Coimisiún sa bhreis air sin go raibh éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht agus ag idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais agus ó thaobh soláthar amhábhar agus ionchur de freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([22]). Thairis sin, ba é conclúid an Choimisiúin nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn

([18]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cruach le bratú cróimiaim leictrealaíoch de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Brasaíle (IO L 143, 23.5.2022, lch. 11), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí áirithe iarainn nó cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, mar a leathnaítear chun allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh na Téaváine, na hIndinéise, Shrí Lanca agus na nOileán Filipíneach iad, bídís dearbhaithe gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bídís, a chumhdach, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí túr gaoithe cruach áirithe ar scála fóntais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 450, 16.12.2021, lch. 59); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phíopaí táite agus d'fheadáin tháite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145).

([19]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 aithris 75, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 59, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67–74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 149–150.

([20]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 aithrisí 49–50, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 46, Rialachán (AE) 2021/2239 aithrisí 67–74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 115-118.

([21]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 aithrisí 51–52, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithrisí 193–4, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 47, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún aithrisí 67–74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 119-122. Tá an ceart ag údaráis ábhartha na Síne chun príomhphearsanra bainistíochta i gcuideachtaí faoi úinéireacht stáit a cheapadh nó a chur as a bpost, ceart dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, agus cé gur féidir an ceart sin a mheas mar cheart a léiríonn na cearta úinéireachta comhfhreagracha, ó tharla gur ann do chealla de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair stáit agus i bhfiontair phríobháideacha araon, is modh tábhachtach eile é sin trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (agus triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad inti mar a sh–onraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh ghníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don "tírghrá" agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí [an táirge faoi athbhreithniú] agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([22]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 aithrisí 53–58, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithrisí 195-201, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2022/95 aithrisí 48–52, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67–74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún aithrisí 123-129.

gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([23]). Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([24]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar ghníomhaithe corparáideacha caipiteal i nDaon-Phoblacht na Síne ([25]).

(65) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil cruach i nDaon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí san iarraidh, chomh maith le Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ([26]) ("Tuarascáil"), a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a cinneadh freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(66) Maítear san iarratas go dtéann Stát na Síne i mbun beartas eacnamaíoch idirghabhálach chun tabhairt faoi spriocanna, rud atá i gcomhréir leis an gclár polaitiúil a shocraíonn Páirtí Cumannach na Síne seachas spriocanna a léiríonn dálaí eacnamaíocha reatha i margadh saor. San iarratas i dtaca leis sin, ní hamháin gur tugadh le fios go raibh saobhadh sa mhargadh cruach dosmálta (arb í an chruach dhosmálta is bonn le thart ar 50 % de chostas táirgthe an táirge faoi athbhreithniú) ach maíodh ann freisin go bhfuil na tosca táirgeachta uile eile – talamh, caipiteal, saothar – chomh saofa céanna. Dá dheasca sin, cinneadh leis an iarratas, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre maidir le cruach dhosmálta lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do chostais na n-ionchur uile, lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú nó lucht saothair, toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú freisin.

(67) Chun tacú lena seasamh, rinneadh tagairt san iarraidh do roinnt foinsí faisnéise atá ar fáil go poiblí, amhail an Tuarascáil, na conclúidí ar tháinig EUCCC orthu ([27]), na himscrúduithe a rinne an Coimisiún le déanaí ar earnáil cruach na Síne ([28]) chomh maith le himscrúduithe cosanta trádála na n-údarás ábhartha i gCeanada agus san Astráil ([29]), nó conclúidí Fhóram Domhanda G20 maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach ([30]).

([23]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 aithris 59, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 53, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67–74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 130–133.

([24]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 aithris 60, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 54, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67–74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 134–135.

([25]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/802 aithrisí 61–62, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 204, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 55, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67–74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 136–145.

([26]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD(2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: https://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2017/december/tradoc_156474.pdf

([27]) Comhlachas Tráchtála an Aontais Eorpaigh sa tSín, Ró-Acmhainn sa tSín: bac ar chlár oibre athchóirithe an Pháirtí, ar fáil ag: *Overcapacity in China* (europeanchamber.com.cn) (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).

([28]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phíopaí táite agus d'fheadáin tháite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145), agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 an 7 Aibreán 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí leathán agus cornaí teorollta de chruach dhosmálta de thionscnamh na hIndinéise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (IO L 110, 8.4.2020, lch. 3).

([29]) Cinntí críochnaitheacha maidir le dumpáil agus fóirdheonú Miotail Sileacain Airithe de thionscnamh na Síne, nó onnmhairithe uaithi. (CBSA, Cásuimhir dhumpála: AD/1400), Tuarascáil uimh. 543, Fiosrúchán maidir le leanúint na mbeart frithdhumpála agus frithchúitimh is infheidhme maidir le heasbhrúnna alúmanaim a onnmhairítear chuid an Astráil ó Dhaon-Phoblacht na Síne, 14 Meán Fómhair 2020.

([30]) An Fóram Domhanda maidir le ró-acmhainn sa tionscal cruach, Tuarascáil Aireachta, 20 Meán Fómhair 2018.

(68) Ar an mbonn sin, leagadh béim san iarraidh ar na nithe seo a leanas:

— rinne Páirtí Cumannach na Síne samhail gheilleagar margaidh sóisialach na Síne a dhearadh agus a chur chun feidhme. Sa tsamhail sin, ní dhéantar gníomhaíochtaí fhiontair táirgthe cruach na Síne a chinneadh de réir breithnithe margaidh tráchtála. Ina ionad sin, is é an Stát/Páirtí Cumannach na Síne a rialaíonn leithdháileadh na n-acmhainní chun cuspóirí foriomlána an Pháirtí agus an Stáit a bhaint amach, a leagtar amach i bpleananna 5 bliana ("FYPanna"). Comhlíontacht le FYPanna, amhail Plean an 13ú timthriall pleanála um Oiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach, is í sin an tslat ar dá réir a thomhaistear rath fiontar sa tSín agus ní de réir tomhais thraidisiúnta an ratha tráchtála i ngeilleagar margaidh;

— tugann an China Iron and Steel Association cúnamh d'fhiontair chun praghsanna a leagan síos agus chun an táirgeadh a chomhordú. Díolmhaítear fiontair atá faoi úinéireacht stáit ó chur i bhfeidhm dhlí na hiomaíochta agus i gcomhréir leis an bPlean um Oiriúnú agus Uasghrádú an Tionscail Cruach, 2016-2020 "*ba cheart iomaíocht neamhthrócaireach a sheachaint*" agus "*ba cheart cosc a chur ar go leor cuideachtaí dul i mbun gníomhaíochta agus i mbun iomaíochta go mí-ordúil*". Dá thoradh sin, de réir na hiarrata, fágann rialú uileghabhálach an rialtais nach féidir le fórsaí an mhargaidh shaoir teacht i réim in earnáil cruach na Síne, go háirithe i ndáil le saincheist na ró-acmhainneachta nár tugadh aghaidh uirthi go dtí seo.

— ní torthaí ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad costais amhábhar agus fuinnimh i nDaon-Phoblacht na Síne toisc go ndéanann idirghabhálacha substaintiúla ón rialtais difear dóibh; tá saobhadh córasach suntasach ann freisin maidir le rochtain ar chaipiteal, talamh agus saothar.

(69) Mar a tugadh le fios in aithris (52), níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

(70) Go sonrach, is ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne in earnáil an táirge faoi athbhreithniú, i.e. an earnáil cruach. Cé go meastar go bhfuil an deighilt ainmniúil beagnach cothrom idir an líon cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit agus an líon cuideachtaí faoi úinéireacht phríobháideach, as na cúig tháirgeoir cruach de chuid na Síne a aicmítear sna deich dtáirgeoir cruach is mó ar domhan, is cuideachtaí faoi úinéireacht an Stáit iad ceithre cinn díobh ([31]). An tráth céanna, cé nár bhain ach thart ar 36 % d'aschur iomlán an tionscail in 2016 leis na deich dtáirgeoir is mó, leag Rialtas na Síne an sprioc amach sa bhliain chéanna chun idir 60 % agus 70 % den táirgeadh cruach a chomhdhlúthú thart ar dheich bhfiontar mhóra nó mar sin faoi 2025 ([32]). Chuir Rialtas na Síne an rún sin in iúl arís i mí Aibreáin 2019, agus d'fhógair eisiúint treoirlínte maidir le comhdhlúthú an tionscail cruach ([33]). D'fhéadfadh a bheith i gceist leis an gcomhdhlúthú sin cumaisc éigeantacha de chuideachtaí príobháideacha brabúsacha agus cuideachtaí atá ag tearcfheidhmiú faoi úinéireacht an Stáit ([34]). Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó onnmhaireoirí an táirge faoi athbhreithniú sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn na dtáirgeoirí cruach príobháideacha agus na dtáirgeoirí cruach faoi úinéireacht stáit a dhearbhú. Cé nach bhfuil faisnéis shonrach ar fáil maidir leis an táirge faoi athbhreithniú, is ionann an earnáil, áfach, agus fo-earnáil den tionscal cruach, agus dá bhrí sin meastar na torthaí maidir leis an earnáil cruach a bheith táscach freisin maidir leis an táirge faoi athbhreithniú.

(71) Deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí leis an tSín maidir leis an earnáil cruach an tábhacht leanúnach a chuireann Rialtas na Síne san earnáil, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear an méid sin le dréacht-Tuairim Threorach na hAireachta Tionsclaíochta agus Faisnéise Teicneolaíochta maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Cruach a Chothú ina n-éilítear comhdhlúthú breise an bhoinn thionsclaíoch agus feabhsú suntasach sa leibhéal nuachóiriúcháin den slabhra tionsclaíoch ([35]) nó leis an 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal Amhábhar a Fhorbairt ar dá réir a dhéanfaidh an earnáil "*cloí le comhcheangal na ceannaireachta margaidh agus chur chun cinn an rialtais*" agus a dhéanfaidh sí "*grúpa cuideachtaí forásacha a shaothrú ag a bhfuil ceannaireacht éiceolaíochta agus croí-iomaíochas*" ([36]). Is féidir samplaí

([31]) Tuarascáil – Caibidil 14, lch. 358: 51 % de chuideachtaí príobháideacha agus 49 % de chuideachtaí faoi úinéireacht Stáit i gcomhthéacs táirgthe, agus 44 % de chuideachtaí faoi úinéireacht Stáit agus 56 % de chuideachtaí príobháideacha i gcomhthéacs acmhainne.

([32]) Le fáil ag: www.gov.cn/zhengce/content/2016-02/04/content_5039353.htm; https://policycn.com/policy_ticker/higher-expectations-for-large-scale-steel-enterprise/?iframe=1&secret=c8uthafuthefra4e, and www.xinhuanet.com/english/2019-04/23/c_138001574.htm (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).

([33]) Ar fáil ag http://www.jjckb.cn/2019-04/23/c_137999653.htm (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).

([34]) Mar a tharla i gcás an leasa tromlaigh a shealbhaigh China Baowu Steel Group in Magang Steel i mí an Mheithimh 2019, féach https://www.ft.com/content/a7c93fae-85bc-11e9-a028-86cea8523dc2 (arna rochtain an 4 Lúnasa 2022).

([35]) Féach: https://www.miit.gov.cn/gzcy/yjzj/art/2020/art_af1bef04b9624997956b2bff6cdb7383.html (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).

([36]) Féach Roinn IV, Foroinn 3 den Phlean, atá le fáil ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (accessed on 7 September 2022).

comhchosúla de rún údaráis na Síne chun na forbairtí san earnáil a mhaoirsiú agus a threorú a fheiceáil ar an leibhéal cúigeach, amhail in Shandong nach amháin go dtuartar ann "*éiceolaíocht thionscal cruach a thógáil* […], *páirceanna monaraíochta a bhunú, an slabhra tionsclaíoch a leathnú agus braislí tionsclaíocha a chruthú*" ach go bhfuil mian ann "*go soláthródh an tionscal cruach eiseamláir do chlaochlú agus d'uasghrádú* […] *inár gcúige agus fiú sa tír ina hiomláine*" ([37]).

(72) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, de bharr na heaspa comhair ó thaobh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, níorbh fhéidir a shuí gurb ann do cheangail phearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne. Ach ós rud é go bhfuil an táirge faoi athbhreithniú ina fho-earnáil den earnáil cruach, tá an fhaisnéis atá ar fáil maidir le táirgeoirí cruach ábhartha freisin don táirge faoi athbhreithniú. Le sampla a thabhairt, fónann Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Baowu ag an am céanna mar Rúnaí Choiste an Pháirtí, agus fónann an Bainisteoir Ginearálta mar Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí ([38]). Ar an gcaoi chéanna, tá ról rúnaí Choiste an Pháirtí ag Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Baosteel agus an Bainisteoir Feidhmiúcháin ina Leas-Rúnaí ar Choiste an Pháirtí ([39]). Go ginearálta, i bhfianaise infheidhmeacht ghinearálta na reachtaíochta maidir le láithreacht Pháirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí, cumas Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus costais trí láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, ní féidir glacadh leis go mbeadh an cumas sin difriúil i ndáil leis an táirge faoi athbhreithniú i gcomparáid leis an earnáil cruach i gcoitinne.

(73) Tá fiontair faoi úinéireacht phoiblí agus fiontair faoi úinéireacht phríobháideach araon san earnáil feisteas feadáin agus píobáin faoi réir maoirseacht agus treoraíocht bheartais. Léirítear sna samplaí seo a leanas an treocht thuas maidir le leibhéal méadaitheach idirghabhála ó Rialtas na Síne in earnáil an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann táirgeoirí feisteas feadáin nó píobáin gníomhaíochtaí forbartha Páirtí i dtábhacht ina ndoiciméid chorparáideacha, amhail Zhejiang Good Fittings Co., Ltd, mar shampla, a mheasann ina thuarascáil freagrachta corparáidí gur gníomhaíocht í forbairt Pháirtí Cumannach na Síne atá le déanamh chun an cultúr sóisialta corparáideach a fhorbairt ([40]): Tá idirghabháil ó Pháirtí Cumannach na Síne le sonrú freisin ar leibhéal na gcomhlachas tionsclaíoch réigiúnach, comhlachas tionsclaíoch feadán Shang-hai mar shampla ([41]). Mar a tuairiscíodh ar shuíomh gréasáin an chomhlachais in 2019: "*Um thráthnóna an 17 Aibreán,*[…] *Thug Leas-Rúnaí Choiste Páirtí Cónaidhme Shang-hai um Thionscail agus Eacnamaíocht, agus pearsanra ábhartha ó Oifig an Choiste Páirtí cuairt ar an gcomhlachas chun imscrúdú a dhéanamh ar fhorbairt an pháirtí agus ar obair an chomhlachais* […] *Ina dhiaidh sin, thuairiscigh Uachtarán* [an chomhlachais] *do Rúnaí* […] [ó Pháirtí Cumannach na Síne]*maidir le hobair forbartha páirtí an chomhlachais. Dúirt Uachtarán [an chomhlachais] go ndíríonn gníomhaíochtaí neartaithe páirtí an chomhlachais ar dhá leibhéal. Ar thaobh amháin, ar an leibhéal ceartingearach, dírítear ar bhrainse páirtí an chomhlachais a bhunú.* […]. *Mar gheall ar fhorbairt líon na gcomhaltaí nua, tá torthaí tosaigh bainte amach. Ar an dara dul síos, dírítear ar an leibhéal cothrománach, chun go n-éireoidh leis an neartú páirtí ar leibhéal na stiúrthóirí. Le blianta beaga anuas, tá malartuithe eagraithe ag oifig uachtarán an chomhlachais, in éineacht leis an mBord Stiúrthóirí, chun staidéar a dhéanamh ar spiorad an rialtais láir* [agus], *ceanglais an choiste páirtí Bhardasaigh maidir le gníomhaíochtaí neartaithe páirtí a chur in iúl.*" ([42]) Ar an gcaoi chéanna, de réir na tuarascála is déanaí ón gcomhlachas: "*Aistríodh brainse páirtí an chomhlachais chuig coiste páirtí na Cónaidhme Bardasaí um Thionscal agus Eacnamaíocht in 2021. Ba cheart don chomhlachas an deis a thapa chun glacadh le ceannaireacht agus treoraíochta Chónaidhm na Tionsclaíochta agus na hEacnamaíochta, ó thaobh an obair an pháirtí agus obair an rialtais de. Tar éis d'Uachtarán* [an chomhlachais] *dul chuig an gcomhlachas anuraidh chun imscrúdú a dhéanamh ar an obair agus í a threorú, mhéadaigh an comhlachas ar dhéine na comhoibre agus bhain úsáid aisti chun dul i gceannas ar dhul chun cinn teicneolaíochta agus forbairt nuálach na n-aonad is comhaltaí, á thabhairt faoi deara gur forbairt a théann chun leasa na gcomhaltaí agus an chomhlachais araon í.*" ([43])

(74) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge atá faoi athbhreithniú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Cé nárbh fhéidir aon doiciméad beartais lena dtreoraítear go sonrach forbairt an tionscail feisteas feadáin nó píobáin a shainaithint san imscrúdú, tairbhíonn an tionscal de threoir agus d'idirghabháil rialtais san earnáil cruach, i bhfianaise gur ceann dá fo-earnálacha é an táirge faoi athbhreithniú.

([37]) Féach an 14ú Plean 5 Bliana maidir le forbairt an Tionscail Cruach, Réamhrá.
([38]) Féach suíomh gréasáin an ghrúpa, ar fáil ag: http://www.baowugroup.com/about/board_of_directors (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).
([39]) Féach suíomh gréasáin na cuideachta, ar fáil ag: https://www.baosteel.com/about/manager (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).
([40]) Féach ag: www.goodfittings.cn/newsview.asp?id=21 (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).
([41]) Féach ag: http://www.gghy.org/ (arna rochtain an 24 Samhain 2022).
([42]) Féach ag: http://www.gghy.org/members/shownews.php?id=11744&lang=cn (arna rochtain an 24 Samhain 2022).
([43]) Féach ag: http://www.gghy.org/newslist/shownews.php?id=12987&lang=cn (arna rochtain an 24 Samhain 2022).

(75) Measann Rialtas na Síne gur tionscal ríthábhachtach é an tionscal cruach i gcónaí ([44]). Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, treoracha agus doiciméid eile atá dírithe ar an earnáil cruach, pleananna, treoracha agus doiciméid a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach. De réir an 14ú Plean 5 Bliana a glacadh i mí an Mhárta 2021, chuir Rialtas na Síne an tionscal cruach in áirithe lena chlaochlú agus lena uasghrádú, chomh maith lena bharrfheabhsú agus lena choigeartú ar bhonn struchtúrach ([45]). Ar an gcaoi chéanna, liostaítear an earnáil sa 14ú Plean 5 Bliana maidir leis an Tionscal Amhábhar a Fhorbairt, is infheidhme freisin ar an tionscal cruach, mar "*bhunchloch an fhíorgheilleagair*" agus mar "*phríomhréimse lena múnlaítear buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne*" agus leagtar amach leis roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagfadh forbairt na hearnála cruach sa tréimhse ama 2021-2025, amhail uasghrádú teicneolaíochta, feabhas a chur ar struchtúr na hearnála (trí thuilleadh comhchruinnithe corparáideacha ar a laghad) nó an t-aistriú digiteach ([46]). Thairis sin, liostaítear in Guiding Catalogue for Industry Restructuring (Leagan 2019) ([47]) cruach mar thionscal spreagtha. Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(76) Leis an imscrúdú reatha, níor nochtadh aon fhianaise ar chur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó ar fhorfheidhmiú easnamhach na ndlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán san earnáil feisteas feadáin nó píobáin, rud dá dtagraítear thuas in aithris (64), ar cur i bhfeidhm nó forfheidhmiú é nach ndéanfadh difear do mhonaróirí an táirge faoi athbhreithniú.

(77) Maidir leis an earnáil feisteas feadáin nó píobáin, déanann saobhadh ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, difear di freisin, rud dá dtagraítear thuas in aithris (64) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ([48]).

(78) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi athbhreithniú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris (64) freisin. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(79) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí feisteas feadáin nó píobáin na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. D'fhéadfadh sé go bhfaighidh siad airgead ar iasacht atá faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnála.

(80) Dá bhrí sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre SSTPF le húsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar difear freisin do na costais ionchuir uile (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna A agus B den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud Dhaon-Phoblacht na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

([44]) Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lgh. 346 ff.

([45]) Féach 14ú Plean 5 Bliana Dhaon-Phoblacht na Sine maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035, Cuid III, Airteagal VIII, le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/ (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).

([46]) Féach go háirithe Ranna I agus II den Phlean.

([47]) *Guiding Catalogue for Industry Restructuring* (Leagan 2019), arna formheas ag Foraithne an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus Athchóiriú de chuid Dhaon-Phoblacht na Síne Uimh. 29 an 27 Lúnasa 2019; le fáil ag: http://www.gov.cn/xinwen/2019-11/06/5449193/files/26c9d25f713f4ed5b8dc51ae40ef37af.pdf (arna rochtain an 7 Meán Fómhair 2022).

([48]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 134-135 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508 ón gCoimisiún, aithrisí 143-144.

(81) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná argóint ina choinne sin. Ar an 9 Márta 2022, áfach, ina n-aighneachtaí maidir le tionscnamh an imscrúdaithe, chuir Zhejiang Jndia agus CCCMC tacar comhthreomhar barúlacha isteach lenar áitíodh, ar an gcéad dul síos, nach bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán comhoiriúnach le EDT agus, ar an dara dul síos, nach ann d'aon saobhadh suntasach san earnáil cruach sa tSín ar aon nós. D'athdhearbhaigh an dá pháirtí a dtuairimí ina mbarúlacha an 7 Iúil 2022, a cuireadh isteach mar fhreagra ar an Nóta maidir le foinsí.

(82) Ar dhóigh níos sonraí, maidir leis an gcéad argóint, mhaígh na páirtithe nach n-aithnítear le Comhaontú Frithdhumpála EDT ("ADA") coincheap an tsaofa shuntasaigh in Airteagal 2.2 ADA, airteagal faoina gceadaítear ríomh an ghnáthluacha i gcás nach bhfuil aon díolachán i ngnáthchúrsa na trádála nó i gcás staid áirithe sa mhargadh agus sna cásanna sin amháin. Thug na páirtithe faoi deara nach dtagann coincheap an tsaofa shuntasaigh faoi cheachtar de na catagóirí sin faoina gceadófaí ríomh an ghnáthluacha. Ba é tuairim na bpáirtithe, dá réir sin, gur thug an tAontas Eorpach coincheap isteach nach ann dó i ndlí EDT. I dtaca leis sin, thagair na páirtithe d'ábhair imní a chuir roinnt comhaltaí EDT eile in iúl, go háirithe i ndáil leis an gcás *An tAontas Eorpach - Modheolaíochtaí Coigeartaithe Costas II (An Rúis)* (DS494). Dá dheasca sin, mheas na páirtithe go bhfuil cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán ar neamhréir le EDT.

(83) A mhéid a bhaineann leis an dara hargóint, dhírigh an dá pháirtí ar an easpa fianaise a líomhnaíodh maidir leis an saobhadh suntasach. De réir na bpáirtithe, tá an Tuarascáil ar ar bhraith an tIarratasóir agus an Coimisiún claonta agus as dáta. Thairis sin, dar leis na páirtithe, bhí réasúnaíocht chiorclach ann toisc gur úsáideadh an Tuarascáil chun bonn a thabhairt leis an gconclúid maidir le saobhadh suntasach. Ina theannta sin, thug na páirtithe le fios nach bhfuil gach cuideachta san earnáil faoi úinéireacht an Stáit agus, maidir leo siúd atá rialaithe ag an Stát fiú, go mbíonn siad fós ag obair sa mhargadh saor ar bhealach áirithe. I dtaca leis sin, thagair na páirtithe d'Airteagal 6 de Dhlí Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Sócmhainní faoi Úinéireacht Stáit i bhFiontair ("Dlí na Síne maidir le Cuideachtaí faoi Úinéireacht Stáit") lena bhforáiltear maidir le scaradh idir an rialtas agus fiontair. Chuir na páirtithe i gcoinne an fhíorais go mbeadh baint ag dlíthe féimheachta agus réadmhaoine na Síne leis an imscrúdú seo, agus, i ndáil leis an 13ú FYP um Acmhainní Mianraí, mhaígh na páirtithe nach bhfuil ann ach treoirlíne gan éifeacht cheangailteach.

(84) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin. Maidir leis an gcéad argóint, mheas an Coimisiún go bhfuil forálacha Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán comhsheasmhach ina n-iomláine le hoibleagáidí EDT an Aontais Eorpaigh. An fíoras nach n-úsáidtear coincheap an "tsaofa shuntasaigh" go sainráite in EDT ADA, ní chuireann sé sin srian ar úsáid an choincheapa sin ag an Aontas. Más ann do shaobhadh suntasach, ní iomchuí úsáid a bhaint as costais agus praghsanna sa tír is onnmhaireoir chun an gnáthluach a ríomh. Sna himthosca sin, beartaítear le hAirteagal 2(6a) go ndéantar na costais táirgthe agus díola a ríomh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa, lena n-áirítear na cinn i dtír ionadaíoch iomchuí ina bhfuil leibhéal forbartha mar an gcéanna leis an tír is onnmhaireoir. I ndáil le cás DS 494, meabhraíonn an Coimisiún go ndearna an tAontas agus Cónaidhm na Rúise araon achomharc i gcoinne thorthaí an Phainéil, ní críochnaitheach na torthaí sin agus dá bhrí sin, i gcomhréir le cásdlí EDT, níl stádas dlíthiúil acu i gcóras EDT, ó tharla nár fhormhuinigh an Comhlacht um Réiteach Díospóidí iad le cinntí ó Chomhaltaí EDT. In aon chás, measadh go sonrach san agóid sin i dTuarascáil an Phainéil go raibh na forálacha in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán lasmuigh de raon feidhme na díospóide.

(85) Maidir leis an dara hargóint, thug an Coimisiún dá aire gur doiciméad cuimsitheach í an Tuarascáil atá bunaithe ar fhianaise fhorleathan oibiachtúil, lena n-áirítear reachtaíocht, rialacháin agus doiciméid bheartais oifigiúla eile arna bhfoilsiú ag Rialtas na Síne, tuarascálacha ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, staidéir acadúla agus ailt le scoláirí, agus foinsí iontaofa neamhspleácha eile. Cuireadh ar fáil go poiblí í ó mhí na Nollag 2017 ionas go mbeadh neart deiseanna ag aon pháirtí leasmhar í a bhréagnú, a fhorlíonadh nó trácht a dhéanamh uirthi agus an fhianaise ar a bhfuil sí bunaithe, agus nach ndearna Rialtas na Síne ná páirtithe eile argóintí ná fianaise a chur isteach a bhréagnaigh na foinsí a áirítear sa Tuarascáil. Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire, go háirithe, gurbh ábhartha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe iad na príomhdhoiciméid bheartais agus an fhianaise a bhí sa Tuarascáil, lena n-áirítear FYPanna agus an reachtaíocht ábhartha is infheidhme maidir leis an táirge faoi athbhreithniú, ar cuireadh doiciméid chomhfhreagracha an 14ú timthriall pleanála ina n-ionad.

(86) Maidir leis an maíomh go mbíonn cuideachtaí sa tSín ag oibriú sa mhargadh saor, bídís faoi úinéireacht an Stáit nó ná bídís, níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Thug an Coimisiún dá aire go léiríonn fíorais agus gnéithe chóras na Síne mar a thuairiscítear thuas san anailís in aithrisí (63) agus (64) agus (70) go (81), in éineacht leis an bhfianaise a sholáthair an t-iarratasóir, go bhfuil saobhadh suntasach ann sa tír ar fad agus ar fud earnálacha an gheilleagair, gan beann ar úinéireacht na gcuideachtaí i gceist. Dá thoradh sin, níl bunús leis an tagairt d'Airteagal 6 de Dhlí na Síne

maidir le Cuideachtaí faoi Úinéireacht Stáit ([49]) mar thacaíocht le hargóint na bpáirtithe. Is leor a rá, seachas scaradh idir an rialtas agus fiontair, go sonraítear le hAirteagal 7 de Bhunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne ([50]) "*[gurb] é an príomhfhórsa sa gheilleagar náisiúnta é an geilleagar faoi úinéireacht stáit, is é sin an geilleagar sóisialach atá faoi úinéireacht an phobail i gcoitinne. Airithíonn an Stát comhdhlúthú agus fás an gheilleagair faoi úinéireacht an Stáit*", agus sainordaítear le hAirteagal 7 de Dhlí na Síne maidir le Cuideachtaí faoi Úinéireacht Stáit "*go ndéantar bearta chun lárú caipitil faoi úinéireacht stáit a chur chun cinn do na tionscail thábhachtacha agus na príomhréimsí a imríonn tionchar ar an saol eacnamaíoch bunriachtanach náisiúnta agus ar shlándáil an stáit, chun leagan amach agus struchtúr an gheilleagair faoi úinéireacht stáit a bharrfheabhsú, chun athchóiriú agus forbairt fiontar faoi úinéireacht stáit a chur chun cinn, chun feabhas a chur ar cháilíocht fhoriomlán an gheilleagair faoi úinéireacht stáit, agus chun fórsa rialaithe agus tionchar an gheilleagair faoi úinéireacht stáit a neartú*". In éineacht le hAirteagal 36 de Dhlí na Síne maidir le Cuideachtaí faoi Úinéireacht Stáit, ar dá réir "*a mbeidh beartais thionsclaíocha náisiúnta á gcomhlíonadh ag fiontar stát-infheistithe a dhéanann infheistíochtaí*", cruthaíonn na forálacha sin – agus cinn eile ([51]) – timpeallacht dhlíthiúil ina bhfuil scaradh idir an rialtas agus fiontair nach mór dodhéanta. Níor thuig an Coimisiún ach oiread cén chaoi nach mbeadh baint ag dlíthe féimheachta nó réadmhaoine leis an imscrúdú seo, ós dlíthe iad atá infheidhme go huilíoch agus a bhfuil na páirtithe faoina réir. Níor aontaigh an Coimisiún ach oiread nach mbeadh an 13ú FYP um Acmhainní Mianraí ach ina threoirlíne neamhcheangailteach. Os a choinne sin, tá na cuspóirí a leagtar síos leis na hionstraimí pleanála sa tSín de chineál ceangailteach agus déanann na húdaráis ar gach leibhéal riaracháin faireachán ar chur chun feidhme na bpleananna ag an leibhéal comhfhreagrach is ísle den rialtas, agus ó tharla sin amhlaidh, dírítear acmhainní ar earnálacha a ainmníonn an rialtas a bheith ina gcinn straitéiseacha nó ina n-earnálacha atá tábhachtach ar shlí pholaitiúil eile, seachas acmhainní a leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí margaidh ([52]).

(87) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a tuairiscíodh sa roinn a leanas.

(88) Tar éis an nochta, d'athdhearbhaigh Zhejiang Jndia agus CCCMC na barúlacha a thug siad uathu níos luaithe go bhfuil Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcoinbhleacht le EDT ADA, nach bhfuil aon saobhadh suntasach in earnáil SSTPF, go bhfuil Tuarascáil Tíre an Choimisiúin maidir leis an tSín as dáta agus nach bhfuil aon éifeacht cheangailteach ar an margadh ag doiciméid bheartais na Síne.

(89) Mar a luaitear in aithris (62), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh údar le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil don Choimisiún. Thairis sin, mheas an Coimisiún go bhfuil foráil Airteagal 2(6a) comhsheasmhach le hoibleagáidí na hEagraíochta Domhanda Trádála de chuid an Aontais Eorpaigh. Is é tuairim an Choimisiúin, i gcomhréir le soiléirithe Bhuanchomhlacht Achomhairc in DS473 EU-Biodiesel (an Airgintín), go gceadaíonn forálacha an bhun-Rialacháin a bhfuil feidhm ghinearálta leo maidir le gach Ball den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, ar nós Airteagal 2(5), an dara fomhír, úsáid na sonraí ó thríú tír, arna gcoigeartú go cuí nuair atá coigeartú den sórt sin riachtanach agus nuair atá bunús leo.

(90) Maidir leis an maíomh go bhfuil an Tuarascáil Tíre as dáta, cumhdaíodh é sin go cuimsitheach in aithris (85). Thairis sin, thug an Coimisiún le fios go bhfuil a chinntí maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán bunaithe ar an gcorpas fianaise uile a bhí ar fáil, agus nach bhfuil sa Tuarascáil ach píosa amháin de sin. I ndáil leis an méid sin, tagraíonn an Coimisiún go háirithe d'aithrisí (70) go (75) lena dtugtar tuairisc ar fhianaise bhreise atá ábhartha don imscrúdú seo.

([49]) Le fáil ag: http://www.lawinfochina.com/display.aspx?lib=law&id=7195&CGid (arna rochtain an 23 Samhain 2022).
([50]) Le fáil ag: www.npc.gov.cn/zgrdw/englishnpc/Constitution/node_2825.htm (arna rochtain an 23 Samhain 2022).
([51]) Féach mar shampla Airteagal 14 de *Interim Regulations on Supervision and Management of State-owned Assets of Enterprises*, ar fáil ag: http://en.pkulaw.cn/display.aspx?cgid=02b98fb0efda657abdfb&lib=law (arna rochtain an 23 Samhain 2022).
([52]) Tuarascáil – Caibidil 4, lgh. 41-42, 83.

(91) Níl nasc idir saobhadh suntasach a bheith ann agus cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus faisnéis shonrach earnála nó faisnéis a bheith ann maidir le margadh ar leith lena gcumhdaítear an táirge faoi athbhreithniú. I ndáil leis an méid sin, mar a léirítear in aithrisí (63) go (66) agus aithrisí (77) go (80), shuigh an Coimisiún san imscrúdú seo go bhfuil saobhadh suntasach i dtionscal SSTPF agus in earnálacha gaolmhara ionchur. Ní cheadaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán costais intíre a úsáid agus an gnáthluach á ríomh ach amháin más rud é go suitear go cinnte nach bhfuil na costais sin saofa le linn an imscrúdaithe. I ndáil leis an méid sin, áfach, ní raibh aon fhianaise dheimhneach ann go raibh tosca táirgeachta neamhshaofa i gcás táirgeoirí onnmhairiúcháin aonair.

(92) Ar an gcéad dul síos, ní treoirdhoiciméid ghinearálta atá in FYPanna arna bhfoilsiú ag Rialtas na Síne ach doiciméid atá de chineál ceangailteach ó thaobh dlí de. Maidir leis sin, rinne an Coimisiún tagairt ar ais chuig mionanailís na bpleananna i gCaibidil 4 den Tuarascáil, le roinn ar leith tiomnaithe go sonrach ar chineál ceangailteach na bpleananna in Roinn 4.3.1. Leis an 14ú FYP, meabhraítear go sainráite do gach údarás na pleananna a chur chun feidhme go dúthrachtach: "*Neartóimid córais bainistíochta pleanála amhail catalóga agus liostaí, idir chatalóga agus liostaí tiomsaithe agus chatalóga agus liostaí cartlainne, agus ailíniú agus comhordú, forbróimid liostaí agus catalóga amhail na Pleananna Speisialta '5 Bliana den 14ú timthriall' arna nDéanamh ar Leibhéal Náisiúnta, cuirfimid cartlannú pleananna chun cinn ag brath ar an ardán faisnéise um pleanáil náisiúnta bainistíochta comhtháite, agus cuirfimid pleananna éagsúla faoi bhainistíocht aontaithe. Bunóimid sásraí um ailíniú pleanála agus um chomhordú agus cuirfimid feabhas orthu, déanfaidh muid pleananna arna bhformheas ag Lárchoiste Pháirtí Cumanna na Síne agus an Chomhairle Stáit a ailíniú le pleananna um fhorbairt cúige agus leis an bplean seo sula gcuirtear isteach é lena fhormheas, agus áiritheoimid go mbeidh pleanáil spásúlachta, pleanáil réigiúnach agus leibhéil eile pleanála comhordaithe leis an bplean seo ó thaobh na bpríomhspriocanna, na dtreonna forbartha, an leagan amach fhoriomláin, na bpríomhbheart, na mórthionscadal agus cosc agus rialú rioscaí de.*" ([53]) Ina theannta sin, sonraítear sa 14[a] FYP maidir le Forbairt Thionscal na nAmhábhar "*nach mór do gach ceantar feabhas a chur air féin leis an bPlean seo, agus na príomhábhair agus na mórthionscadail atá anseo a áireamh ina bpríomhthascanna áitiúla*", agus "*go bhfoirmeoidh an earnáil cruach agus príomhearnálacha eile tuairimí sonracha cur chun feidhme bunaithe ar chuspóirí agus cúraimí an Phlean seo*" ([54]).

(93) Dá bhrí sin, bunaithe ar an bhfianaise in aithrisí (89) go (92), dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh dá dtagraítear in aithris (88).

3.1.2.2.2. *Tír ionadaíoch*

(94) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([55]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([56]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(95) Mar a mhínítear in aithris (54), d'eisigh an Coimisiún Nóta maidir le foinsí lena dtugtar tuairisc ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha, agus chuir sé na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige an Téalainn a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá ndeimhneofaí saobhadh suntasach a bheith ann de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

([53]) Féach LXIV, Roinn 2 den 14th FYP.
([54]) Féach Roinn VIII den 14th FYP maidir leis an Tionscal Amhábhar a Fhorbairt.
([55]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.
([56]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar táirgeadh táirge san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna den táirge faoi athbhreithniú a bhreithniú.

(96) Sa Nóta maidir le foinsí, mhínigh an Coimisiún go mbeadh air dul i muinín na bhfíoras a bhí ar fáil, mar gheall ar an easpa comhoibrithe, de réir Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Bhí rogha na tíre ionadaíche bunaithe ar an bhfaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú éaga, in éineacht le foinsí eile faisnéise a mheastar a bheith iomchuí de réir na gcritéar ábhartha a leagtar síos in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán i gcomhréir le hAirteagal 18(5) den bhun-Rialachán, lena n-áirítear GTA, tuarascáil an Bhainc Dhomhanda dar teideal *"Doing Business"* ([57]), Aireacht Fuinnimh na Téalainne ([58]), Údarás Oibreacha Uisce Cúige na Téalainne ([59]) agus Oifig Náisiúnta Staidrimh na Téalainne ([60]).

(97) Maidir leis an leibhéal forbartha eacnamaíche, san iarraidh ar athbhreithniú éaga, rinne an t-iarratasóir scrúdú ar cheithre thír mar thíortha ionadaíocha féideartha ar comhchosúil an leibhéal forbartha eacnamaíche atá iontu agus atá sa tSín. Is iad na tíortha a ndearnadh scrúdú orthu an Téalainn, an Indinéis, an Mhalaeisia agus an Tuirc ([61]).

(98) Maidir le táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú, sainaithníodh go bhfuil tionscal i ngach ceann de na ceithre thír a onnmhairíonn 500 tonna ar a laghad de SSTPF in aghaidh na bliana ([62]).

(99) Maidir le hinfhaighteacht na sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch, shainaithin an t-iarratasóir ina iarraidh ar athbhreithniú gur tír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn as measc na gceithre thír ar bhonn infhaighteacht na sonraí poiblí ábhartha, amhail staidreamh allmhairiúcháin oifigiúil, praghsanna fuinnimh agus táirgeoirí aitheanta a bhfuil faisnéis airgeadais ar fáil go poiblí ina leith. Shainaithin an t-iarratasóir ceithre chuideachta a tháirg SSTPF sa Téalainn ([63]).

(100) Mar a mhínítear sa Nóta maidir le foinsí, bhí dhá cheann de na cuideachtaí neamhbhrabúsach sa 2 bhliain roimh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus níorbh fhéidir iad a úsáid dá bhrí sin chun brabús réasúnach a shuí de réir Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. An dá chuideachta eile a sainaithníodh san iarraidh, Thai Benkan Co. Ltd., agus Thairungrueng Fitting & Value Co. Ltd., bhí sonraí maidir leosan ar fáil go héasca le haghaidh 2020, a léirigh brabúis mheasta 1,2 % agus leibhéal costas díola, ginearálta agus riaracháin 32,6 %.

(101) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC nár thír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn agus go mbeadh an Mhalaeisia ní b'iomchuí mar rogha.

(102) Ar dtús, tugann an Coimisiún dá aire nár mhaígh Zhejiang Jndia ná CCCMC nár rogha iomchuí a bheadh sa Téalainn. Níl ann ach gur luaigh siad go mbeadh an Mhalaeisia ní b'iomchuí. Ach níor sholáthair Zhejiang Jndia ná CCCMC, ná níor mhol siad fiú, aon fhoinse ná aon fhaisnéis a bhí ar fáil go poiblí maidir le luachanna neamhshaofa don Mhalaeisia le haghaidh go leor de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta. Dá bhrí sin, tá an maíomh gan bhunús.

(103) Chomh maith leis sin, de réir Global Trade Alert ([64]), tá dleachtanna frithdhumpála i bhfeidhm le roinnt blianta in SAM ar allmhairí den táirge faoi athbhreithniú ón Malaeisia. Ina theannta sin, an 3 Márta 2023, rinne an Coimisiún an dleacht frithdhumpála iarmharach ar an tSín a leathnú chuig táirgeoirí áirithe de chuid na Malaeisia a bhfuarthas go raibh siad ag teacht timpeall ar na bearta frithdhumpála a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ar allmhairí den táirge faoi athbhreithniú. Níorbh fhéidir a chur as an áireamh go bhféadfadh tionchar a bheith ag an dá thoisc sin ar iomchuibheas na Malaeisia mar thír ionadaíoch, maidir le costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús na gcuideachtaí a oibríonn ar an margadh Malaeisiach, mar shampla, maidir lena n-iompraíocht trádála ar mhargaí móra onnmhairiúcháin, amhail margaí SAM agus/nó an Aontais, a d'fhéadfadh a bheith éagórach agus, ar bhealach níos ginearálta, maidir le feidhmiú mhargadh an táirge faoi athbhreithniú sa Mhalaeisia agus ar a ionchuir, b'fhéidir. Mheas an Coimisiún go bhfágann na heilimintí sin nach bhfuil an Mhalaeisia iomchuí mar thír ionadaíoch.

(104) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC freisin nár chuir an Coimisiún aon táscaire ar fáil maidir leis na méideanna arna dtáirgeadh sa Téalainn.

([57]) https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/t/thailand/THA.pdf
([58]) http://www.eppo.go.th/index.php/en/en-energystatistics/energy-economy-static
([59]) https://en.pwa.co.th/contents/service/table-price
([60]) http://www.nso.go.th/sites/2014en/Pages/Statistical%20Themes/Population-Society/Labour/Labour-Force.aspx
([61]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga roinn B.1.1.2 lch. 8.
([62]) Ibid.
([63]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga roinn B.1.1.13 lch. 15.
([64]) https://www.globaltradealert.org/data_extraction.

(105) Mar a mhínítear in aithris (98), thug an Coimisiún dá aire gur soláthraíodh staidreamh onnmhairiúcháin san iarraidh ar athbhreithniú éaga a léiríonn go raibh onnmhairí suntasacha den táirge faoi athbhreithniú ag an Téalainn (agus ag na trí thír ionadaíocha fhéideartha eile) ([65]). Thug an Coimisiún dá aire thairis sin nár sholáthair na páirtithe sin aon fhianaise maidir leis na méideanna arna dtáirgeadh iarbhír sa Téalainn, gan trácht ar aon chomparáid leis na méideanna arna dtáirgeadh sa Mhalaeisia nó in aon tír ionadaíoch fhéideartha eile. Dá bhrí sin, measadh an maíomh sin a bheith gan bhunús agus neamhábhartha.

(106) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC freisin go raibh an cóimheas brabúis sa Téalainn ró-íseal chun go measfaí é a bheith réasúnach. Tar éis an mhaímh sin, mhaígh siad go mbeadh an Mhalaeisia níos fearr mar rogha agus shainaithin siad táirgeoir a bhfuil sonraí airgeadais ar fáil go poiblí ina leith a tháinig leis tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(107) I gcaitheamh an imscrúdaithe, tháinig sonraí níos déanaí maidir leis na cuideachtaí brabúsacha sa Téalainn chun bheith ar fáil. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún na sonraí a athmheas. Leis na sonraí a tugadh cothrom le dáta le haghaidh 2021, arb í tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe le haghaidh an imscrúdaithe seo í, léiríodh go raibh 1,22 % de bhrabúis agus leibhéal costas díola, ginearálta agus riaracháin 19,64 %, ar an meán, ag an dá chuideachta Théalannacha.

(108) Sa Nóta maidir le foinsí, d'aithin an Coimisiún nárbh fhéidir a mheas gur brabús réasúnta é brabús atá chomh beag sin. In athbhreithniú éaga, áfach, ní gá in aon chor an leibhéal beacht dumpála a shuí, ós gá don imscrúdú a chinneadh cé acu is dócha nó nach dócha go leanfaí den dumpáil nó go gcuirfí tús léi arís mura gcuirfí fad leis na bearta. Dá bhrí sin, féadfaidh an Coimisiún leibhéal íseal brabúis a úsáid más rud é gur suíodh cheana gur ann do dhumpáil ar an mbonn sin. Tá feidhm aige sin freisin maidir le sonraí athbhreithnithe níos déanaí na gcuideachtaí Téalannacha. Mar a fheictear thíos i roinn 3.1.2.4, rinne an t-imscrúdú dumpáil a shuí ar bhonn sonraí airgeadais ón Téalainn. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an maíomh. Thairis sin, tá brabús na cuideachta Malaeisiach a mhol na páirtithe leasmhara níos airde ná brabús na gcuideachtaí Téalannacha ([66]). Dá bhrí sin, ní bheadh ach méadú ar an ngnáthluach agus leibhéil dumpála níos airde ann dá nglacfaí leis an maíomh agus dá n-úsáidfí na sonraí ón gcuideachta Mhalaeisiach.

(109) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC go raibh ríomh costas díreach eile, arna sloinneadh mar chéatadán ar bhonn chostas táirgthe thionscal an Aontais mar a sholáthraítear san iarraidh, míréasúnach toisc nach ionann an próiseas táirgthe sa Téalainn agus san Aontas.

(110) Níor sholáthair Zhejiang Jndia agus CCCMC aon fhianaise maidir leis an bpróiseas táirgthe sa Téalainn, mar sin bhí an maíomh gan bhunús. Is mó is amhlaidh sin toisc go bhféadfadh Zhejiang Jndia agus CCCMC comhoibriú leis an imscrúdú trína gcostas táirgthe a sholáthar mar aon lena dtomhaltas ar thosca táirgeachta i nDaon-Phoblacht na Síne, a bhféadfadh an Coimisiún tagarmharcanna a chur i bhfeidhm maidir leo. Ina ionad sin, roghnaigh siad gan bheith ag comhoibriú, d'ainneoin go bhfuil Zhejiang Jndia ina tháirgeoir onnmhairiúcháin a d'onnmhairigh cainníochtaí suntasacha SSTPF chuig an Aontas i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([67]).

(111) Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún i muinín na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú. Suíodh leis an imscrúdú bunaidh go raibh na bun-saintréithe fisiceacha, teicniúla agus ceimiceacha céanna ag an táirge lena mbaineann a onnmhairítear ón tSín agus an táirge comhchosúil a tháirgtear san Aontas. Níl aon fhianaise ann go leantar próisis éagsúla san Aontas, sa tSín agus sna tríú tíortha ionadaíocha iomchuí chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(112) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC nach rogha iomchuí í an Téalainn toisc nach bhfuil an meánphraghas ar allmhairí píobán gan uaim isteach sa Téalainn réasúnach. Mhaígh na páirtithe leasmhara go bhfuil an praghas "neamhghnách" mar gheall ar éagsúlacht shuntasach idir meánphraghsanna allmhairí isteach sa Téalainn ó thíortha éagsúla ar soláthróirí iad. Áitíonn siad go bhfuil an meánphraghas ró-ard go míréasúnach i gcomparáid le praghsanna allmhairí isteach i dtíortha eile a tháirgeann SSTPF nó i mbloic amhail an Mhalaeisia, an India agus an tAontas. D'áitigh siad freisin go bhfuil an praghas tagarmhairc níos airde ná praghsanna idir Ballstáit an Aontais, ní hamháin praghas an ionchuir ach praghas an táirge chríochnaithe freisin. De réir na bpáirtithe leasmhara, "*ba cheart don Choimisiún a dhéanamh amach cén fáth a bhfuil praghsanna allmhairiúcháin píobán gan uaim isteach sa Téalainn ó thíortha áirithe neamhghnách agus na praghsanna neamhghnácha sin a eisiamh nó a choigeartú*".

([65]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga – Iarscríbhinní St -01 go 05.

([66]) https://pantech-group.com/wp-content/uploads/Pantech_AR2022.pdf

([67]) Bhí Zhejiang Jndia ar cheann de na táirgeoirí sampláilte onnmhairiúcháin san imscrúdú bunaidh. Dá bhí sin, tá a n-allmhairí breise (arna shainaithint ag a chód breise TARIC) le fáil i mbunachar sonraí 14(6). D'onnmhairigh sé cainníochtaí suntasacha chuig an Aontas i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(113) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Ar na cúiseanna a leagtar amach in aithrisí (97) go (100), is tír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn. Níor léirigh na páirtithe leasmhara nár bhain na sonraí a d'úsáid an Coimisiún le "costais táirgthe chomhfhreagracha" de réir bhrí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Ní dhearna siad ach a áitiú go bhfuil an praghas "neamhghnách", faoi threoir foinsí eile, gan aon mhíniú, á chur de chúram ar an gCoimisiún a dhéanamh amach cén chúis a bheadh leis an mínormáltacht líomhnaithe sin. Idir an dá linn, níor chomhoibrigh aon cheann de na táirgeoirí i nDaon-Phoblacht na Síne leis an imscrúdú agus, mar a deirtear in aithris (32), b'éigean tosca táirgeachta a shuí bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18(1) den bhun-Rialachán. I bhfianaise mhéid allmhairí an ionchuir i gceist isteach sa Téalainn, agus i bhfianaise na faisnéise maidir leis an gcomhad, ní raibh aon fhianaise ag an gCoimisiún go bhfuil na sonraí a úsáideadh saofa nó bainteach le hionchuir nach gcomhfhreagraíonn do na costais i nDaon-Phoblacht na Síne. Thairis sin, an fíoras go bhfuil éagsúlacht praghsanna ann idir foinsí agus go bhfuil an meánphraghas ard i gcomparáid le foinsí eile, ní fhágann sin ann féin go bhfuil an praghas míréasúnach. Bunaithe ar a bhfuil thuas, caitheadh an maíomh amach mar mhaíomh gan bhunús. Thairis sin, cé nár sholáthair Zhejiang Jndia ná CCCMC aon bhonn ná aon mholadh maidir le coigeartú nó rogha mhalartach, thug an Coimisiún dá aire go suífí go bhfuil dumpáil ann dá n-úsáidfí an luach allmhairiúcháin is ísle, fiú, isteach sa Téalainn (CNY 32,81 in aghaidh an chileagraim, ón Indinéis).

(114) Mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC thairis sin gur cheart táillí muirlasta agus árachais a asbhaint ón bpraghas allmhairiúcháin.

(115) Níor aontaigh an Coimisiún leis sin. Praghas allmhairiúcháin ionchur isteach i dtíortha ionadaíocha, úsáidtear mar phraghas neamhshaofa ionadach i margadh baile na tíre ionadaíche é i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán. Áirítear an praghas sin in GTA ar leibhéal costais, árachais agus last-táille (CAL). Dá bhrí sin, níor cheart na táillí muirlasta agus árachais – más ann dóibh – a asbhaint, óir ní praghas ionadach ar an bpraghas ionchur sa mhargadh baile a bheadh ann a thuilleadh. Diúltaíodh, dá bhrí sin, don mhaíomh sin.

(116) I bhfianaise gach a bhfuil thuas agus na discréide atá ag an gCoimisiún an tír ionadaíoch iomchuí a roghnú, dheimhnigh an Coimisiún rogha na Téalainne mar thír ionadaíoch iomchuí de réir na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(117) Tar éis a shuí gur tír ionadaíoch iomchuí í an Téalainn, bunaithe ar gach ceann de na heilimintí thuasluaite, agus tar éis anailís a dhéanamh ar na barúlacha a thug na páirtithe leasmhara, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(118) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon an Téalainn na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán le go measfaí í mar thír ionadaíoch iomchuí.

(119) D'athdhearbhaigh Zhejiang Jndia agus CCCMC barúlacha uathu, tar éis an nochta, gur rogha ní b'iomchuí í an Mhalaeisia ná an Téalainn mar thríú tír ionadaíoch iomchuí. Freagraíodh na maímh sin i roinn 3.1.2.2.2. Chomhlíon an Téalainn na critéir maidir le tír ionadaíoch a leagtar amach in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Mar a luaitear in aithris (107), d'úsáid an Coimisiún sonraí a bhí ar fáil go poiblí maidir leis an dá chuideachta Théalannacha le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Maidir leis na barúlacha ó na páirtithe leasmhara i ndáil le praghas allmhairiúcháin píobán gan uaim agus le hasbhaint táillí muirlasta agus árachais, tagraíonn an Coimisiún do na conclúidí atá le fáil in aithrisí (113) agus (115).

3.1.2.2.3. *Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna agus foinsí arna n-úsáid chun iad a shuí.*

(120) I bhfianaise na faisnéise uile bunaithe ar an iarraidh ar athbhreithniú, agus tar éis anailís a dhéanamh ar na barúlacha ó na páirtithe leasmhara, sainaithníodh na tosca táirgeachta seo a leanas, a bhfoinsí agus a luachanna neamhshaofa, chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta feisteas feadáin agus píobáin áirithe de chruach dhosmálta.

Toisc tháirgeachta	Cód an Tráchtearra sa Téalainn	Luach neamhshaofa	Aonad tomhais	Foinse na faisnéise
Amhábhair				
Máthairphíopaí de chruach dhosmálta - Táthaithe	7306 11	CNY 25,13	KGs	GTA
Máthairphíopaí de chruach dhosmálta - Gan uaim	7304 11	CNY 114,74	KGs	GTA
Gach máthairphíopa de chruach dhosmálta – Táthaithe agus gan uaim	7306 11 agus 7304 11	CNY 68,58	KGs	GTA
Gach amhábhar eile – costais phacáistíochta, fóntais, tomhaltáin	N/B		Méid seasta (% de chostais dhíreacha)	Iarraidh ar athbhreithniú
Lucht saothair				
Saothar díreach		CNY 18,59	Uaireanta an chloig	Oifig Náisiúnta Staidrimh na Téalainne, an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS)
Fuinneamh/Fóntais				
Leictreachas		CNY 0,88	kWh	Tuarascáil an Bhainc Dhomhanda dar teideal "Doing Business"
Gás		CNY 2,35	M^3	An tAonad um Fhuinneamh, Beartas agus Pleanáil, an Aireacht Fuinnimh.
Uisce		CNY 5,80	M^3	Údarás Oibreacha Uisce Cúige na Téalainne
Fotháirgí/Dramhaíl				
Fuíoll	7204 21	CNY 8,80	KG	GTA

3.1.2.2.3.1. Amhábhair

(121) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, a shuí, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas Daon-Phoblacht na Síne ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([68])

([68]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(122) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur shocraigh sé i roinn 3.1.2.2 nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí isteach sa tír ionadaíoch ón tSín agus ó thíortha nach comhaltaí de EDT iad a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile fós ionadaíoch.

(123) Mar a mhínítear sa nóta maidir le foinsí, d'eisiaigh an Coimisiún aimhrialtacht staidrimh in allmhairí ón tSeapáin isteach sa Téalainn faoi fho-cheannteideal HS 7306 11 (píopaí táthaithe) sa chéad leath de 2021. Ní bhfuarthas aon bharúil ó pháirtithe leasmhara maidir leis sin.

(124) D'fhonn praghas neamhshaofa na n-amhábhar tráth a seachadta ag geata mhonarcha an táirgeora a shuí, chuir an Coimisiún dleacht allmhairiúcháin na tíre ionadaíche i bhfeidhm, ag na leibhéil faoi seach, ag brath ar thír thionscnaimh an mhéid allmhairithe. Chuir an Coimisiún an costas iompair intíre sa Téalainn leis ar bhonn thuarascáil an Bhainc Dhomhanda dar teideal "Doing Business" ([69]).

(125) Rinne an Coimisiún míreanna nach bhfuil ach ualach diomaibhseach acu ar an gcostas táirgthe a ghrúpáil le chéile, amhail amhábhair eile, costais phacáistíochta, fóntais agus tomhaltáin, agus shloinn mar chéatadáin de chostais dhíreacha iad.

3.1.2.2.3.2. Seachtháirgí

(126) De réir na faisnéise san iarraidh ar athbhreithniú, ní fhaightear ach aon seachtháirge amháin as SSTPF a tháirgeadh, is é sin dramh. Chun a phraghas neamhshaofa a shuí, chuir an Coimisiún dleachtanna allmhairiúcháin agus costais iompair intíre leis an meánphraghas allmhairiúcháin isteach sa Téalainn, de réir na modheolaíochta céanna a úsáidtear le haghaidh amhábhar.

3.1.2.2.3.3. Lucht saothair

(127) Chun luach an tsaothair a chinneadh, d'úsáid an Coimisiún na sonraí a bhí ar fáil ó Oifig Náisiúnta Staidrimh na Téalainne ("NSO") agus ón Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ("EIS"). Foilsíonn NSO faisnéis mhionsonraithe ar bhonn ráithiúil maidir le pá de réir tionscail, réigiúin agus limistéir sa Téalainn. Bhain an Coimisiún úsáid freisin as an staidreamh is déanaí a bhí ar fáil ó 2020, ó EIS ([70]) chun an meánlíon uaireanta an chloig a oibrítear in aghaidh na seachtaine agus na míosa sa Téalainn a ríomh.

3.1.2.2.3.4. Fuinneamh/fóntais

(128) D'úsáid an Coimisiún na sonraí maidir le praghsanna leictreachais tionsclaíocha sa bhanda tomhaltais comhfhreagrach in kWh ([71]) mar a foilsíodh é sa staidéar leis an mBanc Domhanda in 2020 dar teideal *"Doing Business"*, arbh iad na sonraí ba dhéanaí a bhí ar fáil.

(129) Foilsíonn an tAonad um Fhuinneamh, Beartas agus Pleanáil san Aireacht Fuinnimh praghas an gháis nádúrtha do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) sa Téalainn ([72]). D'úsáid an Coimisiún na sonraí a bhí ar fáil le haghaidh 2021 lenar cumhdaíodh tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(130) Is ó Údarás Oibreacha Uisce Cúige na Téalainne ([73]) a fuarthas an praghas as tomhaltas uisce le haghaidh úsáid thionsclaíoch sa Téalainn. Déantar uisce a phraghsáil do ghnólachtaí laistigh de raon sonrach ag brath ar an tomhaltas míosúil. Roghnaigh an Coimisiún meánfhigiúr ón raon sin chun an costas uisce a ríomh.

3.1.2.2.3.5. Costais dhíreacha eile

(131) Bhí costais dhíreacha eile bunaithe ar an bhfaisnéis maidir le tionscal an Aontais a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga (féach aithrisí (57) agus (109) go (111)).

([69]) https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/t/thailand/THA.pdf
([70]) https://www.ilo.org/shinyapps/bulkexplorer17/?lang=en&segment=indicator&id=HOW_TEMP_SEX_ECO_NB_A
([71]) https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/t/thailand/THA.pdf
([72]) www.eppo.go.th/index.php/en/en-energystatistics/energy-economy-static
([73]) https://en.pwa.co.th/contents/service/table-price

3.1.2.2.4. *Forchostais mhonaraíochta, costais díola, riaracháin agus ghinearálta, brabúis agus dímheas*

(132) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, "ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus i gcomhair brabús a bheith san áireamh sa ghnáthluach comhdhéanta". Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(133) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus toisc comhoibriú ó tháirgeoirí/tháirgeoirí onnmhairiúcháin a bheith in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Dá bhrí sin, shuigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair bunaithe ar na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú éaga.

(134) I gcás costais díola, riaracháin agus ghinearálta, d'úsáid an Coimisiún na sonraí airgeadais maidir le dhá tháirgeoir Théalannacha le haghaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a leagtar amach in aithris (107).

3.1.2.2.5. *Ríomh an ghnáthluacha*

(135) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(136) Is féidir SSTPF a dhéanamh as píopaí táthaithe nó píopaí gan uaim. Shuigh an Coimisiún gnáthluach le haghaidh feistis gan uaim ag úsáid an tagarmhairc do phíopaí gan uaim, agus gnáthluach le haghaidh feistis tháthaithe ag úsáid an tagarmhairc do phíopaí táthaithe. Shuigh an Coimisiún gnáthluach le haghaidh gach feistis freisin agus meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe píopaí táthaithe agus píopaí gan uaim araon sa Téalainn á úsáid mar thagarmharc. Tá an mhodheolaíocht sin, a mhínítear sna haithrisí seo a leanas, mar an gcéanna i ngach ceann de na trí chás, inarb é luach neamhshaofa na príomhthosca táirgeachta an t-aon difríocht amháin eatarthu.

(137) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú ar úsáid gach toisce chun SSTPF a tháirgeadh.

(138) Míreanna nach bhfuil ach ualach diomaibhseach acu ar an gcostas táirgthe, amhail amhábhair eile, costais phacáistíochta, fóntais agus tomhaltáin, rinneadh iad a ghrúpáil le chéile agus a shloinneadh mar chéatadáin de chostais dhíreacha bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú. Cuireadh na céatadáin sin i bhfeidhm maidir leis na costais mhonaraíochta neamhshaofa a leagtar amach in aithris (137).

(139) Suíodh costais dhíreacha eile ar an mbonn céanna. Rinneadh a gcéatadán de chostais dhíreacha iomlána, bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga, a chur i bhfeidhm maidir leis na costais dhíreacha neamhshaofa.

(140) Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas leis an gcostas neamhshaofa monaraíochta ansin:

— Forchostais mhonaraíochta, arb é a bhí iontu san iomlán 29,1 % de chostais dhíreacha na monaraíochta de réir na faisnéise a soláthraíodh san iarraidh (féach aithris (133)),

— Costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús, arb é a bhí iontu 19,64 % agus 1,22 % de na costais dhíreacha faoi seach (féach aithris (107)).

(141) An gnáthluach ríomha mar a shonraítear in aithrisí (137) go (140), laghdaíodh é síos go dtí luach neamhshaofa an tseachtháirge.

(142) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

3.1.2.3. An praghas onnmhairiúcháin

(143) In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne, rinneadh an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh na n-allmhairí SSTPF go léir a chinneadh bunaithe ar shonraí CAL ó Eurostat arna gcoigeartú chuig leibhéal an phraghais díreach ón monarcha trí chostais mhuirlasta, árachais agus iompair intíre a asbhaint. Bhí an meánchostas muirlasta agus árachais ón tSín bunaithe ar an iarraidh ar athbhreithniú ([74]). Bhí an costas iompair intíre sa tSín bunaithe ar thuarascáil tíre na Síne in *"Doing Business"* ([75]).

(144) Níl aon fhaisnéis ag an gCoimisiún maidir leis an réimse táirgí mar gheall ar an easpa comhoibrithe, agus áirítear sna figiúirí ó Eurostat na SSTPFanna go léir gan idirdhealú a dhéanamh idir cineálacha de. D'úsáid an Coimisiún freisin, dá bhrí sin, na praghsanna onnmhairiúcháin ar fheistis gan uaim agus feistis tháthaithe a soláthraíodh san iarraidh, arna gcoigeartú chuig leibhéal an phraghais díreach ón monarcha ar an mbonn céanna le praghas CAL Eurostat.

3.1.2.4. Comparáid agus corrlaigh dhumpála

(145) Rinne an Coimisiún comparáid idir an meánphraghas onnmhairiúcháin ó Eurostat ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha mar a shuitear thuas agus an gnáthluach le haghaidh na bhfeisteas uile. Ar an mbonn sin, bhí an meánchorrlach dumpála ualaithe, arna shloinneadh mar chéatadán den phraghas CAL ag teorainn an Aontas, roimh dhleacht a íoc, os cionn 100 %.

(146) Rinne an Coimisiún comparáid freisin idir praghsanna onnmhairiúcháin feisteas gan uaim agus feisteas táthaithe, bunaithe ar an iarraidh ar athbhreithniú agus arna gcoigeartú chuig leibhéal an phraghais díreach ón monarcha, agus na gnáthluachanna le haghaidh feistis gan uaim agus feistis tháthaithe. Ar an mbonn sin, is iad na corrlaigh dumpála, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc, 63,3 % i gcás feistis tháthaithe agus níos mó ná 100 % i gcás feistis gan uaim. Tá an ríomh sin coimeádach, óir d'úsáid an Coimisiúin na praghsanna onnmhairiúcháin ab airde a soláthraíodh san iarraidh.

(147) Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.1.3. *An dóchúlacht go leanfar den dumpáil*

(148) I dtaca leis an toradh lenar cinneadh gur ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

3.1.3.1. Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín

(149) In éagmais comhoibrithe, shuigh an Coimisiún acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne ar bhonn na faisnéise a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga ([76]), inar measadh go raibh táirgeacht 119 000 tonna in aghaidh na bliana agus acmhainneacht táirgeachta 170 000 tonna in aghaidh na bliana ar a laghad ann. Meastar dá bhrí sin go bhfuil 51 000 tonna d'acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne. Tá sé sin beagnach ceithre oiread níos mó ná tomhaltas iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(150) Bunaithe ar a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún go bhfuil acmhainneachtaí breise suntasacha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, a d'fhéadfaidís a úsáid chun SSTPF a tháirgeadh chun a onnmhairiú chuig an Aontas, rud a fhágann gur rídhócha go dtiocfadh méadú ar onnmhairí ar phraghsanna dumpáilte dá ligfí do na bearta dul in éag.

3.1.3.2. Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(151) Chun tarraingteacht mhargadh an Aontais a chinneadh, rinne an Coimisiún comparáid ar dtús idir praghsanna onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas agus na praghsanna onnmhairiúcháin chuig margaí tríú tír.

([74]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn-C-DM-02CN.
([75]) https://www.doingbusiness.org/content/dam/doingBusiness/country/c/china/CHN.pdf
([76]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga roinn C.4.1 lch. 41 & Iarscríbhinn Oscailte –D–08.

(152) In éagmais comhoibrithe, d'úsáid an Coimisiún staidreamh GTA ([77]) le haghaidh onnmhairí ón tSín faoi fho-cheannteideal CC 7307 23 (Feistis Buntáthaithe de Chruach Dhosmálta) ar leibhéal SAB chun na praghsanna a ghearrann an tSín as onnmhairiú chuig an Aontas a chur i gcomparáid leo siúd a ghearrtar as onnmhairiú chuig margaí tríú tír agus le meánphraghas díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Bhí meánphraghas onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe 12 % níos airde ná praghsanna chuig margaí eile tríú tír. Agus an meánchostas muirlasta agus árachais ón tSín chuig an Aontas bunaithe ar an iarraidh ar athbhreithniú ([78]) á chur leis chun é a choigeartú chuig leibhéal phraghas CAL ag teorainn an Aontais, bhí meánphraghas onnmhairiúcháin na Síne chuig margaí eile tríú tír i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe 15,9 % ní b'ísle ná meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Dá bhrí sin, gan dleachtanna, d'fhéadfadh onnmhaireoirí na Síne onnmhairiú chuig an Aontas ag praghsanna a bheadh ní b'airde ná iad siúd chuig margaí eile tríú tír ach a bheadh fós faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais, rud a fhágann gur ridhócha go dtiocfadh méadú ar onnmhairí ar phraghsanna dumpáilte dá ligfí do na bearta dul in éag.

(153) Tá margadh an Aontais tarraingteach freisin i bhfianaise a mhéid, a bhfuil tomhaltas iomlán 12 819 dtonna aige.

(154) D'ainneoin na mbeart frithdhumpála atá i bhfeidhm, bhí sciar 5,6 % den mhargadh fós ag allmhairí ón tSín i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (féach aithris (48)), ar táscaire eile é a léiríonn go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithris (6), rinne an Coimisiún amach go bhfuiltear ag teacht timpeall ar na bearta trí bhíthin oibríochtaí cóimeála sa Mhalaeisia. Taispeánann na cleachtais teacht timpeall an spéis atá ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne margadh an Aontais a rochtain gan srianta agus dá bhrí sin tarraingteacht mhargadh an Aontais d'onnmhairí na Síne.

3.1.3.3. Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil

(155) I bhfianaise a thorthaí ar leanúnachas na dumpála le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a leagtar amach in aithris (147) agus ar fhorbairt dhóchúil na n-allmhairí dá rachadh na bearta as feidhm mar a mhínítear in aithrisí (149) go (154), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, gur mhór an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta frithdhumpála ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne in éag.

3.2. **An Téaváin**

3.2.1. *Réamhbharúlacha*

(156) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, leanadh d'allmhairí den táirge faoi athbhreithniú ón Téaváin, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéal ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse imscrúdaithe an imscrúdaithe bunaidh (i.e. ón 1 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 30 Meán Fómhair 2015). De réir staidreamh Comext (Eurostat), bhí 203 thonna d'allmhairí SSTPF ón Téaváin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le 1 102 thonna le linn na tréimhse imscrúdaithe bunaidh. Allmhairí SSTPF ón Téaváin ab ea thart ar 1,6 % de mhargadh an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, i gcomparáid le sciar 7,8 % den mhargadh sa tréimhse imscrúdaithe bunaidh.

(157) Níor chomhoibrigh ach aon chuideachta Théavánach amháin (Ta Chen ([79])) san athbhreithniú trí fhreagra iomlán a thabhairt ar an gceistneoir frithdhumpála. Díolacháin Ta Chen a bhí in 91 % d'allmhairí SSTPF ón Téaváin isteach san Aontas i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

3.2.2. *Leanúint de dhumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe*

3.2.2.1. Gnáthluach

(158) Mar gheall ar easpa díolachán intíre an táirge faoi athbhreithniú, rinneadh an gnáthluach le haghaidh Ta Chen a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(3) agus (6) den bhun-Rialachán trí chostais díola, riaracháin agus ghinearálta arna dtabhú agus brabús réasúnta a chur le costas táirgthe na gcineálacha táirge ábhartha.

([77]) https://connect.ihsmarkit.com/home

([78]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, Iarscríbhinn-C-DM-02CN.

([79]) Chomhoibrigh dhá chuideachta Théavánacha – Ta Chen agus King Lai – leis an imscrúdú bunaidh. Fuair an dara ceann corrlach dumpála aonair 0 % agus, dá bhrí sin, ní cuid den imscrúdú seo é. De réir sonraí allmhairiúcháin ón mbunachar sonraí 14(6), a bhfuil sonraí ar leibhéal na dtáirgeoirí aonair ann, ní raibh aon allmhairí ó King Lai sa tréimhse faoi bhreathnú.

(159) Cinneadh an méid costas díola, ginearálta agus riaracháin agus brabúis, i gcomhréir le hAirteagal 2(6)(b) den bhun-Rialachán, ar bhonn dhíolacháin intíre na cuideachta den chatagóir ghinearálta chéanna táirgí.

(160) Tar éis an nochta, mhaígh Ta Chen nach ionadaíoch iad na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus na céatadáin bhrabúis a úsáideadh chun an gnáthluach a ríomh, i.e. iad siúd atá bunaithe ar dhíolacháin intíre na cuideachta den chatagóir ghinearálta chéanna táirgí. D'áitigh an chuideachta nach raibh na díolacháin sin ionadaíoch ina méideanna, gur bhain siad le táirgí a bhí an-éagsúil leis an táirge faoi athbhreithniú agus go raibh díolacháin draimh san áireamh iontu. Mhaígh an chuideachta gur cheart costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús onnmhairí den táirge faoi athbhreithniú chuig tríú tíortha a úsáid chun an gnáthluach a ríomh.

(161) Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb é Airteagal 2(6)(c) den bhun-Rialachán an t-aon bhunús dlí a cheadódh don Choimisiún úsáid fhéideartha a bhaint as costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús díolachán onnmhairí chun an gnáthluach a ríomh. Ceanglaítear leis an Airteagal seo, áfach, go ndéanfar comparáid idir an brabús a úsáidtear agus an tagarmharc don bhrabús "*a dhéanfaidh onnmhaireoirí nó táirgeoirí eile de ghnáth ar dhíolacháin táirgí sa chatagóir ghinearálta chéanna ar mhargadh intíre na tíre tionscnaimh*". Mar gheall ar easpa comhoibrithe ó tháirgeoirí Téavánacha eile, níor bhailigh an Coimisiún sonraí iontaofa ina leith sin, go háirithe ó tharla gur bailíodh dóthain sonraí ó Ta Chen chun an gnáthluach a ríomh ar bhonn Airteagal 2(6)(b) den bhun-Rialachán.

(162) Thairis sin, maidir leis an láimhdeachas intíre a úsáideadh mar bhunús leis an ríomh, ba cheart a chur i dtábhacht go raibh sé ionadaíoch ina mhéid (níos mó ná 25 % de láimhdeachas díolachán neamhspleách na cuideachta), gur bhain sé go príomha le táirgí cruach dosmálta agus nach raibh díolacháin draimh ach ina gcuid bheag den láimhdeachas sin ([80]). Ar deireadh, dá nglacfaí leis an maíomh, ní bheadh aon tionchar aige sin ar na torthaí go bhfuiltear ag leanúint den dumpáil.

(163) Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh.

3.2.2.2. An praghas onnmhairiúcháin

(164) Rinne an táirgeoir onnmhairithe comhoibritheach díolacháin onnmhairí chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha a bhí lonnaithe san Aontas.

(165) Dá bhrí sin, bunaíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn na bpraghsanna a íoctar iarbhír nó atá iníoctha le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú i gcás ina ndíoltar lena onnmhairiú ón tír is onnmhaireoir é i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

3.2.2.3. Comparáid agus Corrlach dumpála

(166) Rinneadh comparáid idir gnáthluach agus praghas onnmhairiúcháin an táirgeora onnmhairiúcháin chomhoibríoch ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha.

(167) Chun críche a chinntiú go ndearnadh comparáid chóir idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin, tugadh aird chuí, i bhfoirm coigeartuithe, ar dhifríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán.

(168) Ar an mbonn sin, rinneadh coigeartuithe i leith costais iompair, mhuirlasta agus árachais, costais láimhseála, lódála agus choimhdeacha, costais phacáistíochta, costais chreidmheasa, lascainí agus coimisiún ar léiríodh go ndéanann siad difear d'inchomparáideacht praghsanna. Bunaíodh na coigeartuithe iomlána ar luachanna iarbhír arna dtuairisciú ag Ta Chen agus fíoraíodh ar an láthair iad. Is iad na figiúirí sin na cinn a thuairiscigh an chuideachta le haghaidh na míreanna costais ábhartha agus a nochtadh sa nochtadh sonrach.

(169) Tugtar faoi deara gur dhiúltaigh an Coimisiún d'iarraidh ó Ta Chen go ndéanfaí coigeartú sa ríomh i leith comhshó airgeadra. D'iarr an chuideachta ar an gCoimisiún an ráta malairte eachtraí ar dháta na híocaíochta a úsáid in ionad an ráta malairte eachtraí ar dháta an tsonraisc. Sonraítear leis an mbun-Rialachán go n-úsáidtear dáta an tsonraisc de ghnáth chun an ráta malairte eachtraí a shuí agus, in imthosca eisceachtúla, gur féidir dáta níos luaithe a úsáid (dáta an chonartha, mar shampla). Leis an mbun-Rialachán, áfach, ní sholáthraítear aon bhunús dlí chun dáta tar éis dháta an tsonraisc a úsáid.

([80]) Ríomhphost míniúcháin na cuideachta an 2 Samhain 2022 agus faisnéis a bailíodh le linn fhíorú an láthair.

(170) Mar a fhoráiltear le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán, rinneadh comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil SSTPF agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe chineál comhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú.

(171) Ar an mbonn sin, rinneadh amach gurb é 39,67 % an meánchorrlach dumpála ualaithe, arna shloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht a íoc.

3.2.3. *An dóchúlacht go leanfar leis an dumpáil má dhéantar na bearta a aisghairm*

(172) Rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí leis an dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: arbh ann don onnmhairí dumpáilte chuig tríú tíortha, an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Téaváin agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

3.2.3.1. Onnmhairí chuig tríú tíortha

(173) Ríomh an Coimisiún corrlaigh dumpála maidir le díolacháin Ta Chen leis na trí phríomh-mhargadh onnmhairiúcháin tríú tír atá ag an gcuideachta, i.e. an Astráil, Ceanada agus na Stáit Aontaithe.

(a) *Gnáthluach*

(174) Rinneadh an gnáthluach a chomhdhéanamh mar a mhínítear thuas in aithrisí (158) agus (159).

(b) *An praghas onnmhairiúcháin*

(175) Rinne an táirgeoir onnmhairithe comhoibritheach díolacháin onnmhairí chuig an Astráil agus Ceanada go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha a bhí lonnaithe sna tíortha sin. Dá bhrí sin, bunaíodh an praghas onnmhairiúcháin ar bhonn na bpraghsanna a íoctar iarbhír nó atá iníoctha le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú i gcás ina ndíoltar lena onnmhairiú ón tír is onnmhaireoir é i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

(176) Ós trí onnmhaireoir gaolmhar a rinneadh díolacháin onnmhairí leis na Stáit Aontaithe, rinneadh an praghas onnmhairiúcháin chun críoch an ríomha sin a ríomh ar bhonn praghsanna athdhíolacháin leis an gcéad díoltóir neamhspleách, i gcomhréir le hAirteagal 2(9) den bhun-Rialachán.

(c) *Comparáid agus Corrlach dumpála*

(177) Rinne an Coimisiún comparáid idir an gnáthluach comhdhéanta agus na meánphraghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha ar bhonn an phraghais dhírigh.

(178) Chun críche a chinntiú go ndearnadh comparáid chóir idir an gnáthluach agus an praghas onnmhairiúcháin, tugadh aird chuí, i bhfoirm coigeartuithe, ar dhifríochtaí a dhéanann difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán.

(179) Ar an mbonn sin, rinneadh coigeartuithe i leith costais iompair, mhuirlasta agus árachais, costais láimhseála, lódála agus choimhdeacha, costais phacáistíochta, costais chreidmheasa, lascainí agus coimisiún ar léiríodh go ndéanann siad difear d'inchomparáideacht praghsanna.

(180) Maidir le díolacháin leis na Stáit Aontaithe, rinneadh coigeartuithe breise i leith costais a tabhaíodh idir an t-allmhairiú agus an t-athdhíol agus i leith brabúis a fhabhraíonn.

(181) Mar a fhoráiltear le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán, rinneadh comparáid idir meán-ghnáthluach ualaithe gach cineáil SSTPF agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe chineál comhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú.

(182) Ar an mbonn sin, rinneadh amach gur dumpáladh díolacháin Ta Chen leis na príomh-mhargaí tríú tír atá aige.

3.2.3.2. An acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Téaváin

(183) Ó tharla nach bhfuarthas ach comhoibriú teoranta ó tháirgeoirí na Téaváine maidir le táirgeacht agus acmhainneacht sa Téaváin, suíodh an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa Téaváin ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil agus go háirithe ar bhonn na faisnéise a sholáthair an t-iarratasóir agus an t-aon táirgeoir amháin sa Téaváin a chomhoibrigh.

(184) De réir na faisnéise sin, tá naoi gcinn, ar a laghad, de mhonaróirí SSTPF sa Téaváin a bhfuil níos mó ná 22 000 tonna d'acmhainneacht táirgeachta iomlán agus 13 000 tonna d'acmhainneacht bhreise mheasta acu, méid is mó ná tomhaltas iomlán an Aontais ([81]).

3.2.3.3. Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(185) Nochtadh leis an imscrúdú go ndearna an táirgeoir onnmhairiúcháin Téavánach táirgí a onnmhairiú chuig a phríomh-mhargaí tríú tír ar phraghsanna a bhí 25 % go 45 % ní b'ísle ná meánphraghsanna díola tháirgeoirí an Aontais ar mhargadh an Aontais. Tá siad níos ísle freisin ná na praghsanna a ghearrann an táirgeoir onnmhairiúcháin Téavánach ar onnmhairí chuig an Aontas. Agus an leibhéal praghsanna sin á chur san áireamh, d'fhéadfadh onnmhairiú chuig an Aontas a bheith i bhfad níos tarraingtí do na cuideachtaí onnmhairiúcháin ná onnmhairiú chuig gach tír eile.

(186) Tá margadh an Aontais tarraingteach freisin i bhfianaise a mhéid, a bhfuil tomhaltas iomlán 12 819 dtonna aige.

3.2.3.4. Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil

(187) Léirigh an t-imscrúdú gur lean allmhairí na Téaváine de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhí méideanna na n-allmhairí i bhfad ní b'ísle ná a bhí siad le linn na tréimhse imscrúdaithe bunaidh ach fós leordhóthanach chun léiriú cóir a thabhairt ar iompraíocht praghsanna amach anseo dá ligfí do na bearta dul i léig.

(188) Ina theannta sin, léiríodh le hanailís ar onnmhairí chuig tríú tíortha gur tharla cleachtais dumpála ar na margaí tríú tír freisin.

(189) Thairis sin, tá an acmhainneacht bhreise sa Téaváin an-suntasach agus is mó í ná tomhaltas iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(190) Ar deireadh, díríonn tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí méide agus praghsanna mar a léirítear thuas, ar an dóchúlacht go ndéanfaí onnmhairí agus acmhainneacht bhreise na Téaváine a (ath)dhíriú ar an Aontas, dá ligfí do na bearta dul as feidhm.

(191) Dá dheasca sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dhócha go leanfaí leis an dumpáil, mura gcuirfí síneadh leis na bearta.

4. DÍOBHÁIL

4.1. **Sainmhíniú ar an tionscal de chuid an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(192) Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil san iarraidh, rinne 14 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is ionann na táirgeoirí sin agus an "tionscal de chuid an Aontais" de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(193) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag 9 867 tonna. Ríomhadh an figiúr ar bhonn na bhfreagraí ar an gceistneoir a thug na trí tháirgeoir sampláilte ón Aontas agus ar bhonn an fhreagra a thug an t-iarratasóir ar an gceistneoir maidir le táscairí maicreacnamaíocha.

(194) Mar a luaitear in aithrisí (28) go (31), cuireadh sampláil i bhfeidhm chun a chinneadh an leanfadh an díobháil a bhain do thionscal an Aontais. Na táirgeoirí ón Aontas a roghnaíodh sa sampla, bhain thart ar [44 % - 50 %] de tháirgeacht iomlán mheasta an táirge chomhchosúil san Aontas leo.

(195) Ós rud é go bhfuil dhá cheann de na trí tháirgeoir sampláilte ón Aontas gaolmhar le chéile, b'éigean na sonraí uile a bhaineann le micreatháscairí a innéacsú chun rúndacht a chosaint faoi Airteagal 19 den bhun-Rialachán.

([81]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga roinn C.4.2.

4.2. **Tomhaltas an Aontais**

(196) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn: (a) Sonraí an iarratasóra maidir le díolacháin thionscal an Aontais den táirge comhchosúil, arna gcros-seiceáil go páirteach leis na méideanna díolachán a thuairiscigh táirgeoirí ón Aontas a sampláladh; agus (b) allmhairí den táirge faoi imscrúdú isteach san Aontas ó gach tríú tír mar a thuairiscítear i mbunachar sonraí Comext (Eurostat).

(197) Ar an mbonn sin, is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonnaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	11 323	12 165	11 283	12 819
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*107*	*100*	*113*

Foinse: Eurostat, Iarratasóir

(198) Léirigh an t-athbhreithniú gur tháinig méadú 13 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Rinne ráig COVID-19 difear diúltach do thomhaltas an Aontais in 2020, ach tháinig borradh láidir arís faoi le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.3. **Allmhairí ó na tíortha lena mbaineann**

4.3.1. *Méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus a sciar féin den mhargadh*

(199) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann ar bhonn staidreamh Eurostat, mar a mhínítear go cuí in aithris (185) thuas. Suíodh na sciartha den mhargadh a bhí acu trí allmhairí a chur i gcomparáid le tomhaltas an Aontais mar a leagtar amach i dTábla 2.

(200) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar allmhairí ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne (tonnaí)	523	693	708	719
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*133*	*135*	*138*
Sciar den mhargadh ag allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne	4,6 %	5,7 %	6,3 %	5,6 %
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*123*	*136*	*121*
Méid na n-allmhairí ón Téaváin (tonnaí)	240	337	330	203
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*140*	*137*	*84*
Sciar den mhargadh ag allmhairí ón Téaváin	2,1 %	2,8 %	2,9 %	1,6 %
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*131*	*138*	*75*
Méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann (tonnaí)	763	1 030	1 038	922
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*135*	*136*	*121*

An sciar den mhargadh atá ag na hallmhairí ó na tíortha lena mbaineann (%)	6,7 %	8,5 %	9,2 %	7,2 %
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*126*	*136*	*107*

Foinse: Eurostat

(201) Ní áirítear i méid na n-allmhairí ón Téaváin allmhairí ón gcuideachta ag a bhfuil corrlach dumpála 0 %, is é sin King Lai (féach fonóta 79).

(202) Bhí méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus bhí na méideanna thart ar 1 000 tonna le linn 2020 agus thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Cé gur tháinig méadú ar na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne i dtéarmaí méid agus sciar den mhargadh araon, tháinig laghdú ar allmhairí ón Téaváin.

4.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann agus sladghearradh praghais.*

4.3.2.1. Praghsanna

(203) Shuigh an Coimisiún meánphraghsanna na n-allmhairí ar bhonn staidreamh Eurostat agus d'fhíoraigh an freagra ar an gceistneoir a thug an t-aon táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch amháin ón Téaváin, arb éard atá ina chuid allmhairí chuig an Aontas tromlach mór na n-allmhairí ón Téaváin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar chúis rúndachta, tá luachanna na n-allmhairí ón Téaváin agus figiúirí carntha maidir leis na tíortha lena mbaineann arna gcur i raonta.

(204) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tonna)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Daon-Phoblacht na Síne	6 707	7 830	7 271	7 557
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*117*	*108*	*113*
An Téaváin	[6 300 – 6 900]	[6 300 – 6 900]	[5 700 – 6 300]	[6 900 – 7 900]
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*91*	*111*
Tíortha lena mbaineann	[6 300 – 6 900]	[6 900 – 7 900]	[6 300 – 6 900]	[6 900 – 7 900]
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*112*	*103*	*114*

Foinse: Eurostat, freagra Ta Chen ar an gceistneoir

(205) Tháinig méadú 14 % ar phraghsanna ó na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, lena léirítear go raibh an leibhéal praghsanna foriomlán ní b'airde le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.3.2.2. Sladghearradh praghsanna

(206) Níor chomhoibrigh aon táirgeoir ón tSín leis an imscrúdú, ach chomhoibrigh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin ón Téaváin leis.

4.3.3. *Daon-Phoblacht na Síne*

(207) Ó tharla nár chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne leis an imscrúdú, rinne an Coimisiún an sladghearradh praghsanna a chinneadh trí chomparáid a dhéanamh idir (a) meánphraghsanna staidrimh ualaithe na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar a mhínítear in aithris (136), arna suí ar bhonn CAL, agus coigeartuithe iomchuí arna ndéanamh i leith an ghnáthráta dleachtanna custaim, dleachtanna frithdhumpála agus costas iar-allmhairiúcháin, agus (b) na meánphraghsanna díola ualaithe a ghearr na trí tháirgeoir ón Aontas a sampláladh ar chustaiméirí neamhghaolmhara i margadh an Aontais, arna gcoigeartú chuig leibhéal praghais díreach ón monarcha.

(208) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas na dtáirgeoirí ón Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Níor léiríodh aon sladghearradh leis.

(209) I gcomhréir leis an gcur chuige le haghaidh na ríomhanna dumpála mar a mhínítear in aithris (137), sa chás malartach le haghaidh na meánphraghsanna ualaithe allmhairiúcháin staidrimh, nach ndéantar idirdhealú iontu idir feistis gan uaim agus feistis táite, d'úsáid an Coimisiún freisin na praghsanna onnmhairiúcháin le haghaidh feistis gan uaim agus táite, uillinne, a cuireadh ar fáil san iarraidh, arna gcoigeartú chuig leibhéal CAL ag teorainn an Aontais, le coigeartuithe iomchuí le haghaidh ghnáthráta na dleachta custaim, na dleachta frithdhumpála agus na gcostas iar-allmhairiúcháin chun ríomhanna sladghearrtha comhlántacha a dhéanamh lena ndéantar idirdhealú idir an dá ghrúpa táirgí sin. Ag úsáid na bpraghsanna sin agus á gcur i gcomparáid le meánphraghas an táirge den cháilíocht agus den chruth comhfhreagrach arna mhonarú ag tionscal an Aontais, níor ghearr allmhairí na Síne faoi phraghsanna thionscal an Aontais.

(210) Rinne an Coimisiún an sladghearradh in éagmais dleachtanna frithdhumpála a ríomh freisin. 17,7 % agus 16,4 % faoi seach a bhí sna corrlaigh shladghearrtha gan na dleachtanna frithdhumpála a chur i bhfeidhm.

4.3.4. *An Téaváin*

(211) Mar a luaitear in aithris (150), allmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin comhoibríoch, Ta Chen, a bhí in 91 % d'allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón Téaváin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún an sladghearradh praghais ag allmhairí ón Téaváin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a mheasúnú trí chomparáid a dhéanamh idir na nithe seo a leanas: (a) na meánphraghsanna ualaithe ar leibhéal CAL ag teorainn an Aontais in aghaidh chineál táirge na n-allmhairí ó Ta Chen chuig an gcéad chustaiméir neamhspleách ar mhargadh an Aontais, agus coigeartuithe iomchuí arna ndéanamh i leith costais iar-allmhairiúcháin, dleachtanna custaim agus dleachtanna frithdhumpála (más infheidhme), agus (b) na meánphraghsanna díola ualaithe a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara i margadh an Aontais as na cineálacha céanna táirge de dhéantús na dtrí tháirgeoir ón Aontas a sampláladh, arna gcoigeartú chuig leibhéal praghais díreach ón monarcha.

(212) Rinneadh an chomparáid praghsanna ar bhonn cineál ar chineál le haghaidh idirbhearta ar an leibhéal céanna trádála, arna gcoigeartú go cuí ar bhonn na gcostas iarbhír i gcás inar gá, agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint mar a thuairiscigh na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(213) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinneadh amach go ngearrann allmhairí ón Téaváin níos mó ná 60 % faoi phraghsanna thionscal an Aontais.

4.4. **Méideanna agus praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha**

(214) Shuigh an Coimisiún méideanna agus praghsanna na n-allmhairí ó thríú tíortha agus an mhodheolaíocht chéanna á cur i bhfeidhm i gcás Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine (féach roinn 4.3.1)

(215) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An Mhalaeisia	An méid onnmhairí (tonnaí)	1 120	1 414	1 290	1 626
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*126*	*115*	*145*
	Sciar den mhargadh	9,9 %	11,6 %	11,4 %	12,7 %
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*118*	*116*	*128*
	Meánphraghas (EUR/tonna)	6 872	6 878	6 263	6 327

	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*91*	*92*
An Eilvéis	An méid onnmhairí (tonnaí)	1 737	2 040	1 459	1 113
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*117*	*84*	*64*
	Sciar den mhargadh	15,3 %	16,8 %	12,9 %	8,7 %
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*109*	*84*	*57*
	Meánphraghas (EUR/tonna)	6 674	6 946	6 578	8 641
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*104*	*99*	*129*
An Téalainn	An méid onnmhairí (tonnaí)	184	202	92	82
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*110*	*50*	*45*
	Sciar den mhargadh	1,6 %	1,7 %	0,8 %	0,6 %
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*102*	*50*	*40*
	Meánphraghas (EUR/tonna)	27 305	26 382	31 507	37 802
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*97*	*115*	*138*
Tríú tíortha eile	An méid onnmhairí (tonnaí)	129	313	139	289
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*242*	*107*	*224*
	Sciar den mhargadh	1,1 %	2,6 %	1,2 %	2,3 %
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*226*	*108*	*198*
	Meánphraghas (EUR/tonna)	18 903	10 247	16 271	11 877
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*54*	*86*	*63*
Allmhairí iomlána gan iad siúd ón tSín ná ón Téaváin a áireamh	An méid onnmhairí (tonnaí)	3 170	3 969	2 979	3 110
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*125*	*94*	*98*
	Sciar den mhargadh	28,0 %	32,6 %	26,4 %	24,3 %
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*117*	*94*	*87*
	Meánphraghas (EUR/tonna)	8 438	8 172	7 659	8 503
	Innéacs (2018 = 100)	*100*	*97*	*91*	*101*

Foinse: Eurostat

(216) As measc na n-allmhairí ó thríú tíortha, is foinsí tábhachtacha allmhairiúcháin iad an Mhalaeisia agus an Eilvéis. Tháinig méadú 45 % ar allmhairí ón Malaeisia le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a luaitear in aithris (5), tá imscrúdú frith-imchéimniúcháin á dhéanamh ag an gCoimisiún maidir le hallmhairí ón Malaeisia.

(217) Maidir le hallmhairí ón Eilvéis, a bhí ina foinse thábhachtach allmhairiúcháin freisin san imscrúdú bunaidh, tháinig laghdú 36 % orthu le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

4.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

4.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(218) I gcomhréir le hAirteagal 3(5) den bhun-Rialachán, sa scrúdú ar thionchar na n-allmhairí dumpáilte ar an tionscal de chuid an Aontais, áiríodh meastóireacht ar na táscairí eacnamaíocha uile a raibh baint acu le staid an tionscail de chuid an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(219) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí agus faisnéise i bhfreagra an iarratasóra ar an gceistneoir, arna gcros-seiceáil go cuí leis an bhfaisnéis san iarraidh agus leis na freagraí a thug na táirgeoirí sampláilte ar an gceistneoir agus le staidreamh Eurostat. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(220) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an scair den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.

(221) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

(222) Ar chúiseanna a leagtar amach in aithris (184) thuas, chun faisnéis ghnó rúnda a urramú, ba ghá faisnéis maidir leis na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh a chur i láthair i raonta. Trí na figiúirí beachta a chur i láthair, bheadh táirgeoir de chuid an Aontais in ann figiúirí táirgeachta beachta an táirgeora eile a ríomh, agus bheadh baol ann go mbeadh oibreoirí eile margaidh a bhfuil sonraí margaidh acu in ann a dhéanamh amhlaidh freisin.

4.5.2. *Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta*

(223) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 6

An táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid táirgeachta (tonnaí)	8 757	8 758	8 631	9 867
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*99*	*113*
An acmhainneacht táirgeachta (tonnaí)	17 979	17 903	17 972	18 724
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*100*	*104*
Úsáid acmhainneachta (%)	48,7 %	48,9 %	48 %	52,7 %
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*100*	*99*	*108*

Foinse: Iarratasóir

(224) Tháinig méadú 13 % ar tháirgeacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ina raibh an táirgeacht cobhsaí idir 2018 agus 2020 agus méadaithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe mar gheall ar thomhaltas an Aontais a bheith méadaithe.

(225) D'fhan acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú idir 18 000 agus 19 000 tonna.

(226) Fágann sin gur fhan an ráta úsáide acmhainneachta íseal le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag thart ar 50 %. Thug an Coimisiún dá aire go raibh méadú ceithre phointe céatadáin ann le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i gcomhréir leis an méadú ar mhéideanna táirgeachta a breathnaíodh.

4.5.3. *An méid díolachán agus an sciar den mhargadh*

(227) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 7

An méid díolachán agus an scair den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid iomlán na ndíolachán ar mhargadh an Aontais – custaiméirí neamhghaolmhara	7 390	7 166	7 266	8 787
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*97*	*98*	*119*
Sciar den mhargadh	65,3 %	58,9 %	64,4 %	68,5 %
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*90*	*99*	*105*

Foinse: Eurostat, Iarratasóir

(228) Tháinig méadú 19 % ar mhéid na ndíolachán ag tionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Cuireadh dlús leis an méadú sin go háirithe le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nuair a rinne tionscal an Aontais méideanna na ndíolachán san Aontas a mhéadú faoi 1 521 tonna nó 20 % i gcomparáid le 2020.

(229) Choimeád tionscal an Aontais a sciar de mhargadh an Aontais ar an iomlán. An sciar den mhargadh a cailleadh go tobann in 2019, fuarthas ar ais an bhliain ina dhiaidh sin é, agus bhí sciar 68,5 % den mhargadh ag tionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.5.4. *Fás*

(230) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 13 % ar thomhaltas an Aontais, agus tháinig méadú 19 % ar mhéid na ndíolachán i dtionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas. Dá thoradh sin, tá fás tagtha ar thionscal an Aontais i dtéarmaí a sciar den mhargadh agus i ndearbhthéarmaí araon.

4.5.5. *Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna*

(231) Seo a leanas mar a tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe de chuid tháirgeoirí an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas agus ar a gcuid costas táirgeachta le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 8

Praghsanna díola san Aontas agus Costas táirgthe

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid ualaithe san Aontas (Innéacs, 2018 = 100)	*100*	*100*	*96*	*107*
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid (Innéacs, 2018 = 100)	*100*	*110*	*100*	*108*

Foinse: Táirgeoirí ón Aontas a samplaíodh

(232) D'fhan praghsanna díola aonaid cobhsaí ó thús na tréimhse faoi bhreathnú go dtí 2020. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar gheall ar thomhaltas méadaithe, tháinig méadú 7 % ar phraghsanna i gcomparáid leis an leibhéal a bhí ann in 2018. Níl léiriú iomlán ar an méadú praghais sin sa mhéadú ar an gcostas táirgthe le linn na tréimhse faoi bhreathnú, óir tháinig méadú 8 % air sin idir 2018 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4.5.6. *An fhostaíocht agus an táirgiúlacht*

(233) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais fostaíochta, táirgiúlachta agus saothair de chuid tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Líon na bhfostaithe	504	512	493	513
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*102*	*98*	*102*
Táirgiúlacht Saothair (tonna/fostaí)	17	17	18	19
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*99*	*101*	*111*
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (Innéacs, 2018 = 100)	*100*	*100*	*101*	*111*

Foinse: Iarratasóir, Táirgeoirí ón Aontas a sampláladh

(234) D'fhan an líon fostaithe agus an táirgiúlacht saothair cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tá thart ar 500 ball foirne fostaithe ag tionscal an Aontais ar feadh na tréimhse faoi bhreathnú, agus tá thart ar 18 dtonna in aghaidh an fhostaí d'aschur ann.

(235) Tháinig méadú ar na meánchostais saothair i dtreo dheireadh na tréimhse faoi bhreathnú, ach ní méadú tobann é sin ó tharla gur tháinig méadú 11 % ar chostais saothair in imeacht 4 bliana.

4.5.7. *Fardail*

(236) Forbraíodh leibhéil stoic na dtáirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 10

Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (raonta)	[800 – 1 200]	[800 – 1 200]	[800 – 1 200]	[800 – 1 200]
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*90*	*103*	*85*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (raonta)	[15 % -25 %]	[15 % -25 %]	[15 % -25 %]	[15 % -25 %]
Innéacs (2018 = 100)	100	91	102	78

Foinse: Táirgeoirí ón Aontas a samplaíodh

(237) Choimeád tionscal an Aontais leibhéal a stoic thart ar an leibhéal céanna i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(238) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, mar gheall ar mhéadú ar an táirgeacht, tháinig laghdú ar an leibhéal stoic arna gcoimeád i gcóimheas leis an táirgeacht.

4.5.8. *Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú*

(239) Forbraíodh an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí na dtáirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 11

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An bhrabúsacht (Innéacs, 2018 = 100)	*100*	*60*	*53*	*97*
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán – raonta)	[10 % -15 %]	[5 % -10 %]	[5 % -10 %]	[10 % -15 %]
An sreabhadh airgid (Innéacs, 2018 = 100)	*100*	*124*	*85*	*176*
Infheistíochtaí (Innéacs, 2018 = 100)	*100*	*68*	*75*	*53*
An toradh ar infheistíochtaí (Innéacs, 2018 = 100)	*100*	*59*	*56*	*110*

Foinse: Táirgeoirí ón Aontas a samplaíodh

(240) Shuigh an Coimisiún brabúsacht tháirgeoirí an Aontais a sampláladh trí ghlanbhrabús réamhchánach dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí brabúsacht thionscal an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe gar don leibhéal a bhí ann in 2018, ach tháinig laghdú suntasach uirthi in 2019 agus 2020. Bhí tionscal an Aontais ag déanamh brabúis ar leibhéal maith 10 % - 15 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(241) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Forbairt an tsreafa airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú, breithníodh í a bheith dearfach óir gineadh sreabhadh airgid óna oibríochtaí a bhí 76 % ní b'airde le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2018.

(242) Bhí leibhéal infheistíochta thionscal an Aontais ag dul i laghad le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Mar a fheictear thuas faoi úsáid acmhainneachta, níl aon ghá láithreach ag tionscal an Aontais infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht nua táirgeachta.

(243) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar, agus leanann an treocht an bhrabúsacht.

4.5.9. *An cumas caipiteal a chruinniú*

(244) Níor thuairiscigh aon cheann de na táirgeoirí ón Aontas a sampláladh aon deacracht maidir lena gcumas caipiteal a thiomsú.

4.5.10. *Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin*

(245) De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithrisí (148) agus (180) maidir le Daon-Phoblacht na Síne agus an Téaváin faoi seach, tá fianaise shoiléir ann go raibh an dá thír lena mbaineann ag leanúint den dumpáil. Sa bhreis air sin shuí an Coimisiún go raibh an tSín ag imchéimniú na mbeart frithdhumpála trí thrasloingsiú tríd an Malaeisia ([82]).

(246) Léiríonn na táscairí a chuirtear i láthair thuas, áfach, gur éirigh le tionscal an Aontais teacht chuige féin as cleachtais dumpála roimhe sin d'ainneoin go bhfuiltear ag leanúint den dumpáil.

4.5.11. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin an tionscail de chuid an Aontais*

(247) Seo a leanas mar forbraíodh méid na n-onnmhairí ó na táirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 12

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí an Aontais

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An méid onnmhairí (tonnaí)	1 326	1 445	1 188	1 303
Innéacs (2018 = 100)	*100*	*109*	*90*	*98*
Meánphraghas (innéacs, 2018 = 100)	*100*	*101*	*100*	*103*

Foinse: Iarratasóir, Táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(248) Tháinig laghdú ar mhéid na n-onnmhairí ag tionscal an Aontais chuig na custaiméirí neamhghaolmhara le linn na tréimhse faoi bhreathnú, go háirithe le linn 2020 nuair a bhris paindéim COVID-19 amach. ®Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais ar ais nach mór chomh fada leis an leibhéal a bhí ann in 2018.

(249) Bhí meánphraghsanna onnmhairiúcháin cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I bhfianaise iomaíocht ghéar ar an margadh onnmhairiúcháin, is mó a dhíríonn tionscal an Aontais ar thaobh ardleibhéil an mhargaidh.

4.5.12. *Conclúid maidir le staid an tionscail de chuid an Aontais*

(250) Ní raibh méid na n-allmhairí ó na tíortha lena mbaineann diomaibhseach le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus leanann siad de bheith ag gearradh faoi mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais go mór.

(251) An chuid is mó de na táscairí díobhála, áfach, amhail táirgeacht, díolacháin, fostaíocht, brabúsacht agus sreabhadh airgid, tháinig forbairt dhearfach orthu agus/nó bhí siad ar leibhéil shásúla. Léiríonn na táscairí a ndearnadh scrúdú orthu dá bhrí sin gur bhain na bearta frithdhumpála a dtoradh beartaithe amach, is é sin deireadh a chur leis an díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

(252) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tháinig tionscal an Aontais chuige féin faoin tráth seo agus nár bhain díobháil ábhartha dó de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

([82]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/453 ón gCoimisiún an 2 Márta 2023 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/141 ón gCoimisiún ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, chun allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, bídís críochnaithe nó ná bídís, a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, a chumhdach (IO L 67, 3.3.2023, lch. 19).

5. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL MÁ DHÉANTAR NA BEARTA A AISGHAIRM

(253) Ó tharla gurb é conclúid an Choimisiúin nár bhain díobháil ábhartha do thionscal le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, rinne sé measúnú ar an dóchúlacht go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téaváin ba chúis léi má ligfear do na bearta dul in éag.

(254) Maidir leis sin, b'éigean don Choimisiún dul i muinín na faisnéise teoranta a chuir na páirtithe comhoibríocha ar fáil agus aon fhaisnéis eile sa chomhad maidir le hacmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sna tíortha lena mbaineann chun scrúdú a dhéanamh ar tharraingteacht mhargadh an Aontais agus ar an tionchar dóchúil a bheadh ag allmhairí ó na tíortha lena mbaineann dá ligfí do na bearta dul i léig.

(255) De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithrisí (142)-(143) agus (172)-(173), tá na hacmhainneachtaí breise i nDaon-Phoblacht na Síne agus sa Téaváin suntasach agus is ionann le chéile iad agus cúig oiread thomhaltas bliantúil an Aontais. Thairis sin, de réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithrisí (144)-(147), is margadh tarraingteach é margadh an Aontais do tháirgeoirí na Síne agus na Téaváine i bhfianaise phraghsanna agus mhéid mhargadh an Aontais. Ar an mbonn sin, is mór an dóchúlacht go dtiocfadh méadú ar an méid onnmhairí chuig an Aontas dá rachadh na bearta frithdhumpála in éag.

(256) Rinne an Coimisiún anailís ar na héifeachtaí dóchúla ar mhéadú den sórt sin ar allmhairí trí scrúdú a dhéanamh ar na leibhéil praghsanna dhóchúla a bheadh acu dá ligfí do na bearta dul i léig. Maidir leis sin agus a mhéid a bhaineann leis an tSín, bhreithnigh an Coimisiún gur tásc réasúnach iad na leibhéil praghsanna ar allmhairí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe gan dleacht frithdhumpála, óir bhí sciar 5,6 % den mhargadh fós ag allmhairí na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an mbonn sin, agus mar a mhínítear in aithris (199), shuigh an Coimisiún go mbeadh Daon-Phoblacht na Síne ag gearradh suas le 17,7 %, nó 16,4 % ag brath ar an modheolaíocht, faoi phraghsanna thionscal an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe murach an dleacht frithdhumpála. Is dóchúil dá bhrí sin go mbeadh leibhéil an tsladghearrtha thart ar an méid céanna in éagmais beart.

(257) De bhun nochtadh deiridh, mhaígh Zhejiang Jndia agus CCCMC nach dtarlódh aon díobháil arís mar gheall ar na hallmhairí ón tSín, toisc nach raibh ach sciar 5,6 % den mhargadh ag allmhairí na Síne agus go raibh sciar 70 % den mhargadh ag tionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dhírigh Zhejiang Jndia freisin ar an laghdú ar allmhairí ón tSín idir an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh (3 238 dtonna) agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (719 dtonna).

(258) Diúltaíodh don mhaíomh sin. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (féach aithris (252)). An chonclúid ar tháinig an Coimisiún uirthi maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís, áfach, bhí sí sin bunaithe ar mheasúnú ionchasach. Dá bhrí sin, ní raibh an chonclúid sin bunaithe ar mhéideanna iarbhír na n-allmhairí ná ar a sciartha iarbhír den mhargadh, ná ar an gcomparáid leo siúd i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh, ach ar na hacmhainneachtaí breise atá ann cheana i nDaon-Phoblacht na Síne, ar tharraingteacht mhargadh an Aontais agus ar an sladghearradh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe sa chás nach gcuirfí aon dleacht frithdhumpála i bhfeidhm maidir le hallmhairí ón tSín.

(259) Maidir leis an Téaváin, ní raibh ach táirgeoir onnmhairiúcháin amháin comhoibríoch, ach ó tharla gurbh ionann cuid allmhairí an pháirtí sin agus 90 % de na hallmhairí ón Téaváin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhunaigh sé a ríomh sladghearrtha ar phraghsanna onnmhairiúcháin fíoraithe an pháirtí sin. Ní raibh ach sciar beag 1,6 % den mhargadh ag allmhairí ón Téaváin ar an iomlán, áfach, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (agus bhí sciar 7,8 % den mhargadh ag allmhairí dumpáilte ón Téaváin i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh). Sa ghearán chuig an imscrúdú bunaidh agus san iarraidh ar athbhreithniú éaga, shainaithin an t-iarratasóir deich gcinn de tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón Téaváin. Fágann sin nach bhfuil aon chiall le hanailís ionchasach ar shladghearradh praghsanna ar bhonn sonraí ó Ta Chen, mar nach dtabharfaí léiriú leo ar an iompraíocht phraghsála dhóchúil a bheadh ag formhór na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ón Téaváin, a d'imigh ó mhargadh an Aontais tar éis fhorchur na mbeart ach a bhí ann, ina méideanna móra, sular forchuireadh na bearta.

(260) Thairis sin, léirigh na sonraí a fuarthas faoi chuimsiú an athbhreithnithe éaga go bhfuil an chuid is mó den acmhainneacht bhreise i measc tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Téaváine acu siúd atá faoi réir na dleachta frithdhumpála iarmharaí níos airde, agus le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe bhí siad nach mór go hiomlán in easnamh ó mhargadh an Aontais. Léiríonn sé sin go bhfuil na bearta atá i bhfeidhm éifeachtach chun allmhairí dumpáilte a chosc ó bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais. An tráth céanna, is tásc láidir é sin gur dócha go gcuirfear tús arís le honnmhairí atá cosanta faoi láthair ag an dleacht frithdhumpála iarmharach má ligtear do na bearta sin dul i léig.

(261) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, bhí tionscal an Aontais i staid fhónta airgeadais ar an iomlán inar léirigh formhór na dtáscairí díobhála go raibh treochtaí agus/nó luachanna dearfacha ann. Ba cheart a chur i dtábhacht, áfach, gur cosnaíodh margadh an Aontais go héifeachtach ar mhéideanna móra allmhairí dumpáilte sa tréimhse sin mar gheall ar na bearta frithdhumpála a bhí i bhfeidhm agus go bhféadfadh tionscal an Aontais leas soiléir a bhaint as sin. In éagmais na mbeart, áfach, mar a mhínítear thuas, is dóchúil go méadódh táirgeoirí na Síne agus na Téaváine a sciartha den mhargadh go tapa. Chuirfidís brú praghsanna suntasach ar phraghsanna díola thionscal an Aontais agus, an tráth céanna, ghnóthóidís sciar den mhargadh chun aimhleas thionscal an Aontais. Go deimhin, ní bheadh tionscal an Aontais in ann déileáil leis an mbrú praghsanna ó tháirgeoirí na Síne agus na Téaváine agus rachadh staid eacnamaíoch thionscal an Aontais in olcas go tapa, agus bheadh díobháil ábhartha ann dá dheasca.

(262) Ar an mbonn sin, ba é conclúid an Choimisiúin gur dócha go dtiocfadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus ón Téaváin ar phraghsanna díobhálacha mar thoradh ar easpa beart agus gur dócha go dtarlódh díobháil ábhartha arís.

6. **LEAS AN AONTAIS**

6.1. **Réamhrá**

(263) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú le fáil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithdhumpála atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

(264) Tugadh deis do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl de bhun hAirteagal 21(2) den bhun-Rialachán.

(265) Ar an mbonn sin, scrúdaigh an Coimisiún an raibh cúiseanna láidre ann a d'fhágfadh go ndéanfaí an chonclúid nach bhfuil sé chun leas an Aontais na bearta atá ann cheana a choinneáil ar bun, d'ainneoin na gconclúidí maidir leis an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil agus an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís.

6.2. **Leas an tionscail de chuid an Aontais**

(266) De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (241), ní bhaineann díobháil ábhartha do thionscal an Aontais a thuilleadh. De réir na conclúide ar thángthas uirthi in aithris (249), áfach, ní bheadh tionscal an Aontais in ann déileáil leis na bearta a bheith bainte, toisc gur dócha go mbeadh méadú mór ar allmhairí dumpáilte ann dá dheasca sin. Chuirfí inmharthanacht airgeadais fhadtéarmach an tionscail i mbaol, dá bhrí sin, dá n-aisghairfí na bearta. Dá bhrí sin, tá sé chun leas thionscal an Aontais leanúint de na bearta.

6.3. **Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara agus úsáideoirí neamhghaolmhara**

(267) Cuireadh gach allmhaireoir neamhghaolmhar agus úsáideoir ar an eolas faoi thionscnamh an athbhreithnithe. Ní bhfuair an Coimisiún aon chomhar, áfach, ó allmhaireoirí neamhghaolmhara ná ó úsáideoirí.

(268) De bhun nochtadh deiridh, thagair Zhejiang Jndia agus CCCMC d'aighneacht Euranimi an 23 Lúnasa 2022. Rinne Euranimi ionadaíocht do roinnt allmhaireoirí agus chuir Zhejiang Jndia agus CCCMC i dtábhacht dá réir sin gur chuir allmhaireoirí a dtuairimí in iúl, cé go ndearna siad go comhchoiteann é. Thug Zhejiang Jndia agus CCCMC dá n-aire san aighneacht sin gur chuir Euranimi in aghaidh a bheith ag leanúint de na bearta frithdhumpála, óir ghearrfaí faoi iomaíochas idirnáisiúnta thionscal monaraíochta iartheachtach na hEorpa ina n-úsáidtear táirgí SSTPF ón tSín dá gcoinneofaí na rátaí frithdhumpála maidir le hallmhairí na dtáirgí sin ar bun, ar rátaí iad a líomhnaítear a bheith "iomarcach". Thairis sin, d'áitigh Euranimi gurb éard a bheadh mar thoradh ar leanúint de na bearta go laghdófaí gníomhaíochtaí cuideachtaí, go gcaillfí fostaíocht agus go mbeadh níos lú ioncam le bailiú ag na hoifigí cánach náisiúnta.

(269) Thug an Coimisiún dá aire nach raibh aon fhianaise ann a thug bunús lena mhaímh. Thairis sin, ó tharla nár chomhoibrigh aon allmhaireoir ná aon úsáideoir neamhghaolmhar leis an imscrúdú trí fhreagra a thabhairt ar an gceistneoir, níorbh fhéidir maímh Euranimi maidir le seasamh na bpáirtithe sin i leith na mbeart agus maidir le tionchar na mbeart ar a staid iomaíoch a chros-seiceáil le sonraí gnó fíoraithe ábhartha a bhaineann go sonrach leis an gcuideachta. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(270) Dá bhrí sin, ní raibh aon chomhartha ann a léireodh go mbeadh tionchar diúltach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na húsáideoirí agus/nó ar na hallmhaireoirí, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart.

6.4. **An chonclúid ar leas an Aontais**

(271) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis an-láidir ann nach mbeadh sé chun leas an Aontais bearta a choinneáil ar bun maidir le hallmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe de chruach dhosmálta ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine iad.

7. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(272) Ar bhonn na gconclúidí ar tháinig an Coimisiún orthu maidir leis an dóchúlacht go leanfaí de dhumpáil, an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís agus maidir le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le feistis feadáin agus píobáin buntáthaithe áirithe de chruach dhosmálta, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine iad, a choinneáil ar bun.

(273) Chun na rioscaí teacht timpeall a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith comhréireach leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(5) den Rialachán seo. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile".

(274) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(5) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(275) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den Bhun-rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, inter alia, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(276) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Sine agus na Téaváine iad agus arna dtáirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le "gach cuideachta eile". Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(277) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([83]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh chun a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(278) Tugadh fógra do gach páirtí leasmhar faoi na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe a raibh sé beartaithe ar a mbonn sin a mholadh go gcoinneofaí na bearta atá ann cheana ar bun. Tugadh tréimhse áirithe do na páirtithe uile inarbh fhéidir leo aighneachtaí a thabhairt de bhun an nochta sin agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Cuireadh na haighneachtaí agus na barúlacha san áireamh mar is cuí.

(279) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Phalraimint na hEorpa agus ón gComhairle ([84]), nuair atá méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart don ús atá le híoc a bheith ag an ráta arna chur i bhfeidhm ag an mBanc Ceannais Eorpach maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoiniúcháin, mar a fhoilsítear i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(280) Thug an Coiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036 tuairim dhearfach uaidh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe, de ghráid cruach dosmálta ástainítí, a chomhfhreagraíonn do chineálacha AISI 304, 304L, 316, 316L, 316Ti, 321 agus 321H agus a gcoibhéis sna noirm eile, nach mó a dtrastomhas seachtrach ná 406,4 mm agus tiús balla 16 mm nó níos lú acu, nach lú ná 0,8 micriméadar meán gairbhe (Ra) a ndromchla inmheánaigh, gan feire orthu, bídís críochnaithe nó ná bídís, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7307 23 10 agus ex 7307 23 90 (cóid TARIC 7307 23 10 50, 7307 23 10 55, 7307 23 90 50 agus 7307 23 90 55), ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine iad.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí cinntitheacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Ráta dleachta frithdhumpála cinntithí (%)	Cód breise TARIC
An Téaváin		
Ta Chen Stainless Pipes Co., Ltd.	5,1	C176
Gach cuideachta eile	12,1	C999
Daon-Phoblacht na Síne		
Zhejiang Good Fittings Co., Ltd.	55,3	C177
Zhejiang Jnda Pipeline Industry Co., Ltd.	48,9	C178
Suzhou Yuli Pipeline Industry Co., Ltd.	30,7	C179

([83]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, An Bheilg.

([84]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/EU agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Jiangsu Judd Pipeline Industry Co., Ltd.	30,7	C180
Na cuideachtaí comhoibríocha uile eile (nár sampláladh):		
Alfa Laval Flow Equipment (Kunshan) Co., Ltd.	41,9	C182
Kunshan Kinglai Hygienic Materials Co., Ltd.	41,9	C184
Wifang Huoda Pipe Fittings Manufacture Co., Ltd.	41,9	C186
Yada Piping Solutions Co., Ltd.	41,9	C187
Jiangsu Huayang Metal Pipes Co., Ltd.	41,9	C188
Gach cuideachta eile	64,9	C999

3. Níl dleachtanna frithdhumpála infheidhme maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin Téavánach King Lai Hygienic Materials Co., Ltd. (cód breise TARIC C175)

4. Déantar an dleacht frithdhumpála chinntitheach 64,9 % is infheidhme maidir le hallmhairí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, mar a leagtar amach i mír 2, a leathnú chun go gcumhdófar allmhairí feisteas feadáin agus píobáin buntáthaithe, de ghráid cruach dosmálta ástainíti, a chomhfhreagraíonn do chineálacha AISI 304, 304L, 316, 316L, 316Ti, 321 agus 321H agus a gcoibhéis sna noirm eile, nach mó a dtrastomhas seachtrach ná 406,4 mm agus tiús balla 16 mm nó níos lú acu, nach lú ná 0,8 micriméadar meán gairbhe (Ra) a ndromchla inmheánaigh, gan feire orthu, bídís críochnaithe nó ná bídís, a aicmítear faoi láthair faoi chóid AC ex 7307 23 10 agus ex 7307 23 90, arna gcur chun bealaigh ón Malaeisia, bíodh sé dearbhaithe gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, (cóid TARIC 7307 23 10 35, 7307 23 10 40, 7307 23 90 35, 7307 23 90 40), cé is moite díobh siúd arna dtáirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Tír	Cuideachta	Cód breise TARIC
An Mhalaeisia	Pantech Stainless And Alloy Industries Sdn. Bhd.	A021
An Mhalaeisia	SP United Industry Sdn. Bhd.	A022

5. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 agus na díolúintí ón dleacht a leathnaítear a luaitear i mír 4 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *"Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den (táirge faoi athbhreithniú), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart."* Mura gcuirtear an sonraisc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

6. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis agus iad a chur faoi réir meánráta ualaithe iomchuí na dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár cuireadh san áireamh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) ní dhearna sé na hearraí a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 1(1), ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, a onnmhairiú le linn na tréimhse idir an 1 Deireadh Fómhair 2014 agus an 30 Meán Fómhair 2015 ("tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh");

(b) ní bhaineann sé le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo; agus a chomhoibrigh nó a d'fhéadfadh comhoibriú san imscrúdú as ar eascair an dleacht; agus

(c) tá onnmhairiú iarbhír déanta aige ar an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht an Síne é nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air cainníocht shuntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh.

Airteagal 2

Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidh ag na forálacha sin.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Aibreán 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN